Leagadh amach in athbhreithniú an DAFM gur theip ar an iarratasóir na doiciméid tacaíochta riachtanacha (lipéid) a chur isteach maidir leis an ngníomh um Bainistíocht Comhshaoil ar Thalamh Branair. Dá réir sin, moltar go measfar an gníomh a bheith neamh-incháilithe.

Scrúdaigh an tOifigeach Achomhairc Iarscríbhinn 2 den Sceideal Pionóis i ndáil leis an ngníomh um Bainistíocht Comhshaoil ar Thalamh Branair agus chinn sé go raibh an pionós faoi *ii. Gníomh gan seachadadh nó limistéar íosta riachtanach gan seachadadh (0.25ha)* i bhfeidhm go mícheart toisc nár aimsíodh aon chigireacht maidir le seachadadh an ghnímh.

Thug an tOifigeach Achomhairc ar aird, cé go bhfuil ceanglas i Sonraíocht GLAS do Rannpháirtithe Cuid 2 na lipéid síl féir a choinneáil ar feadh thréimhse an chonartha GLAS, nach bhfuil aon pionós sonrath leagtha amach sa sceideal pionóis as gan na lipéid seo a choinneáil.

Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta ón bhfianaise a cuireadh i láthair gur cheannaigh an feirmeoir an síol ábhartha don ghníomh um Bainistíocht Comhshaoil ar Thalamh Branair.

Ceadáíodh an t-achomharc.



Cás 02: Scéim Agra-Chomhshaoil Astaíochtaí Íseal Glas (GLAS - 2) Cuid 1

Bhí an feirmeoir ina rannpháirtí i GLAS 1 agus i measc na ngníomhartha a roghnaigh siad bhí gníomh Leagan Fálta Sceach. Rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) cigireacht ar chomhlíonadh ar an bhfeirm le linn mhí na Samhna 2021. I mí na Bealtaine 2022, agus bunaithe ar thorthaí na cigireachta, d'eisigh an DAFM fógra foirmiúil gur aimsíodh neamhchomhlíonadh an ghnímh Leagan Fálta Sceach. Níor críochnaíodh an gníomh de réir shonraíocht GLAS 1 agus dá bharr sin, ní raibh an gníomh incháilithe chun an t-airgead ar fad a íocadh ar an ngníomh a íoc agus a aisíoc. Lorg an feirmeoir athbhreithniú inmheánach ón DAFM agus, ina gcinneadh athbhreithnithe, sheas an DAFM lena gcinneadh.

Rinne an feirmeoir achomharc chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta agus níor iarr sé éisteacht ó bhéal. I measc na bhforas achomhairc bhí fianaise ar fhadhbanna sláinte a thosaigh in 2017, agus mar gheall ar dhrochshláinte ní raibh siad in ann an gníomh Leagan Fálta Sceach a chur i gcrích. Chuir an feirmeoir isteach go raibh bearnaí inlíonta acu sa sceach agus d'fhálaigh sé an fál a bhí le leagan.

Bhí de cheangal ar an Oifigeach Achomhairc aird a thabhairt ar phrionsabail an cheartais nádúrtha agus comhlíonfaidh sé aon reachtaíocht agus téarmaí, coinníollacha agus treoirlínte iomchuí de chuid an Aire lena rialaítear nó a bhaineann leis an scéim atá i gceist.

Sa tSonraíocht GLAS le haghaidh Céim 1 faoin gceannteideal Leagan Fálta Sceach is é an Cuspóir ná *'fálta sceach rófhásaithe a athnuachan, bithéagsúlacht a mhéadú agus an tírdhreach amhairc a fheabhsú'*. Áiríodh ar cheanglais na Sonraíochta go leagtar gach fál sceach faoin 28 Feabhra 2017. Rinneadh foráil freisin leis na ceanglais maidir le inlíonadh agus fálú.

Pionóis atá mar theideal ar Alt 17 de théarmaí agus coinníollacha GLAS Céim 1. Luaitear i mír 17.1; *Mura gcomhlíontar na Téarmaí agus Coinníollacha seo, beidh pionós/smachtbhanna cuí mar thoradh air*. Deirtear in Iarscríbhinn 3 de Théarmaí agus Coinníollacha maidir le smachtbhannaí i ndáil le Gníomh Leagan Fálta Sceach:



| Gníomh | Cineál Neamhchomhlíonta | Pionós Scéime |
|----------------------------|---------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <i>Leagan Fálta Sceach</i> | <i>ii. Gníomh gan seachadadh nó fad íosta riachtanach gan seachadadh (10m).</i> | <i>ii. Gníomh neamh-incháilithe d'íocaíocht GLAS. Aisghlámadh aon íocaíochtaí a rinneadh ar an ngníomh seo go dtí seo.</i> |

Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta go gcaithfí an gníomh a chur i gcrích faoin 28 Feabhra 2017. Bhí an feirmeoir i gconradh 5 bliana agus bhí sé tar éis tabhairt faoin ngníomh faofa a chur i gcrích ar feadh ré an chonartha. Thug an tOifigeach Achomhairc aird ar an bhfíric gur tharla an chigireacht i mí na Samhna 2021, thart ar 4.5 bliana isteach sa chonradh, agus cé gur ghlac gach taobh leis go raibh inlíonadh agus fálú déanta, níor cuireadh tús le leagan na bhfálta sceach ná níor cuireadh i gcrích é.

Bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc an fhianaise leighis, lena n-áirítear breoiteacht thromchúiseach. Thug an tOifigeach Achomhairc ar aird go raibh an spriocdháta maidir le leagan na bhfálta sceach (an 28 Feabhra 2017) i bhfad roimh aon diagnóis tinnis. Chomh maith leis sin, i bhfianaise na scileanna a bhain le fálta sceach a leagan ba dhócha go mbeadh an feirmeoir tar éis duine a fhostú chun an obair a dhéanamh. Bhí an feirmeoir faoi cheangal ag a gconradh GLAS 1 go mbeadh na hoibreacha curtha i gcrích agus íocadh iad dá réir. Ní go dtí go ndearadh cigireacht sa bhliain 2021 a fuarthas nach raibh na hoibreacha críochnaithe. Chinn an tOifigeach Achomhairc go raibh cinneadh an DAFM de réir fhorálacha na scéime.

Dícheadaíodh an t-achomharc.



Cás 03: Traschomhlíonadh - Rialachán Níotráití – a dhéanann difear d’íocaíochtaí faoin Scéim Íocaíochta Bunúsach (BPS) 2021 agus d’íocaíochtaí eile.

Chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) in iúl don fheirmeoir go raibh pionós 200% infheidhme mar thoradh ar shárú ar na rialacháin maidir le Níotráití, tríd an teorainn 170kgs in aghaidh an heicteáir maidir le nítrigin ó aoileach beostoic a shárú in 2020. Léirigh na taifid DAFM, bunaithe ar líon agus limistéar beostoic, 892kg nítrigin orgánach in aghaidh an heicteáir. Sheas an DAFM leis an gcinneadh in athbhreithniú inmheánach inar chuir an feirmeoir isteach go ndearnadh feirmeoireacht ar an limistéar talún breise sin. Chinn an DAFM nach raibh an talamh breise ar a n-iarratas BPS agus níor cuireadh aon Taifead Níotráití 5 isteach laistigh den am riachtanach chun an talamh breise a shainaithint mar thalamh feirmeoireachta. *(Is é Taifead 5 an fhoirm Níotráití a úsáidtear chun creidmheas a lorg le haghaidh cíosanna gearrthéarmacha/comhaontuithe féaraigh atá lasmuigh den mhéid nach mór a dhearbhu ar an iarratas bliantúil BPS).*

Rinne an feirmeoir achomharc chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta agus d'iarr sé éisteacht ó bhéal. Thuig an feirmeoir go raibh an limistéar talún a úsáideadh don ríomh 892kg in aghaidh an heicteáir i bhfad níos lú ná an limistéar a ndearnadh feirmeoireacht air i ndáiríre. Rinneadh feirmeoireacht ar ghabháltas suntasach le gaol aosta, le sláinte laghdaitheach, nach raibh ach fíorbheagán ainmhithe dá gcuid féin aige a coinníodh den chuid is mó ar chúiseanna maoithneacha. Chuir an feirmeoir isteach gur chóir a ríomhanna nítrigine a bheith ar an limistéar níos mó a ndéantar feirmeoireacht air. Níor dearbhaíodh an talamh ar a n-iarratas BPS agus níor dearbhaíodh é ag baint úsáide as an bhfoirm Taifead 5. Dúirt an feirmeoir nach raibh sé ar an eolas faoi na riachtanais don talamh sin. Mhaígh an feirmeoir go ndéanann sé feirmeoireacht ar an dá ghabháltas, go bhfuil na figiúirí níotráití comhcheangailte an-íseal agus go maith faoin teorainn 170 kg in aghaidh an heicteáir, go bhfuil na socruithe neamhfhoirmiúil agus go raibh siad i bhfeidhm roinnt bliana. Ina theannta sin, d'áitigh an feirmeoir gurb é an t-aon tairbhí d'fheirm an ghaoil é agus go raibh baint aige le cúram suntasach a thabhairt dá ghaol. Luaigh an feirmeoir go bhforchuireann an pionós cruatan agus laghdaíonn sé sreabhadh airgid agus praghsanna ionchuir ag ardú. Ní raibh an feirmeoir ar an eolas faoin tábhacht a bhain le fógraí na mblianta roimhe sin.



Chuir an DAFM isteach mar fhreagra gurb é an t-aon sásra chun talamh breise a éileamh lena úsáid i ríomhanna leibhéil níotráití, foirm Taifead 5 a thfolacadh faoin 31 Nollaig den bhliain ábhartha chun comhaontú féaraigh gearrthéarmach a mhionsonrú. Níl an talamh sin a éilítear ar an iarratas BPS ó úinéir tréada eile incháilithe ach amháin le haghaidh ríomhanna níotráití an iarratasóra BPS beag beann ar aon pháipéarachas eile a chuirtear isteach mar nach féidir ach le húinéir tréada amháin leas a bhaint as an limistéar talún. Chuir an DAFM isteach go bhfuil dhá ghabháltas ar leith ann, beirt fheirmeoirí aonair, dhá thréaduimhir. Chuir an DAFM isteach go raibh sárúithe ann roimhe seo, ach níor tharla aon iarmhairt airgeadaíochta toisc nár coinníodh aon teidlíochtaí, agus ba gurb í 2021 an chéad bhliain ina raibh teidlíochtaí. Dúradh nach raibh aon saincheisteanna maidir le truailliú, ina ionad sin ba é a bhí i gceist ná nach raibh an páipéarachas riachtanach i bhfeidhm.

Thug an tOifigeach Achomhairc ar aird gurb é cuspóir na Rialachán maidir le Níotráití sraith bhunúsach gníomh a chur ar fáil lena chinntiú go gcosnófar uiscí, lena n-áirítear foinsí uisce óil, ar thruailliú de bharr nítrigine agus fosfair ó fhoinsí talmhaíochta, agus an bhéim phríomhúil ar bhainistiú aoileach beostoic agus leasachán eile.

Foráiltear le hAirteagal 20 (1) de I.R. Uimh. 605 de 2017:

Ní rachaidh an méid aoileach beostoic a chuirfear ar thalamh ar ghabháltas in aon bhliain, mar aon leis an méid a thaiscfear ar thalamh ag beostoc, thar méid ina bhfuil 170 kg de nítrigin in aghaidh an heicteáir.

Sonraítear i dTéarmaí agus Coinníollacha BPS 2021:

Chun críocha na Rialachán maidir le Níotráití, úsáidfear an talamh a dhearbhaigh tú ar d'iarratas ar Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí chun comhlíonadh an Rialacháin maidir le Níotráití a ríomh. Soláthraíonn an Lámhleabhar Míniúcháin ar Rialacháin um Dea-Chleachtas Talmhaíochta um Uiscí a Chosaint 2021 'Bileoga cabhrach' chun comhlíonadh an rialacháin seo a sheiceáil...

Sa chás seo ríomhadh an smachtbhanna 200% ar bhonn leibhéal an tsárúithe agus atarlú sárúithe faoin Riachtanas Bainistíochta Reachtúil céanna. Cuireadh smachtbhanna 20% i bhfeidhm roimhe seo in 2015, 45% in 2016, 100% in 2017, 200% in 2019, agus 200% in 2020.



Faoi fhorálacha Airteagal 38 de Rialachán an AE 640/14 agus Airteagal 99 (1) de Rialachán an AE 1306/2013, scrúdaigh an tOifigeach Achomhairc maidir le atarlú, déine, méid agus déine, agus na forálacha laistigh d'Airteagail 39 agus 40 de Rialachán an AE 640/2014 maidir le faillí agus sáruiithe d'aon ghnó. Mheas an tOifigeach Achomhairc freisin force majeure nó imthosca eisceachtúla mar a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán an AE 1306/2013 agus níor aimsigh sé aon bhonn réadach ar a bhféadfaí force majeure a chur i bhfeidhm sa chás seo. Chinn an tOifigeach Achomhairc gur cuireadh an smachtbhanna i bhfeidhm sa bhliain cheart mar, cé go mbaineann an sárú le 2020, sainaitníodh é in 2021.

Bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil, lena n-áirítear an fhianaise ó bhéal, ní raibh an tOifigeach Achomhairc sásta go ndearnadh an neamhchomhlíonadh a cinneadh d'aon ghnó agus ina ionad sin gur tharla faillí i gcaitheamh na mblianta a bhí i gceist. Chomh maith leis sin, ceanglaítear go bhfuil an pionós a fhorchuirtear comhréireach agus go bhfuil sé céimnithe ag féachaint do dhéine, méid, buaine agus atarlú an neamhchomhlíonta a aimsíodh.

Chinn an tOifigeach Achomhairc gur beag déine an neamhchomhlíonta ag féachaint don tábhacht a bhaineann le hiarmhairtí an neamhchomhlíonta, agus aidhm na Rialachán maidir le Níotrátí á cur san áireamh. Ceann de phríomhphointí na Rialachán maidir le Níotrátí is ea nach gcaithfidh feirmeoir níos mó ná 170 kg de nítrigin orgánach in aghaidh an heicteáir a scaipeadh in aghaidh na bliana. Chinn an tOifigeach Achomhairc nach cás truaillithe é seo de bharr sárú 170kgs nítrigine in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana, nó gurbh ionann an réaltacht ar an talamh agus sárú ar an teorainn 170kgs. Ina ionad sin bhí neamhchomhlíonadh riaracháin faillíoch i gceist leis seo. Níl aon iarmhairt ag an neamhchomhlíonadh aitheanta maidir leis an bpríomhchuspóir chun cosaint uiscí ar thruailliú de bharr nítrigine a áirithiú.

Ní raibh aon tionchar diúltach ag an neamhchomhlíonadh atá i gceist laistigh den ghabháltas ná níos faide i gcéin ó thaobh uiscí a chosaint ar thruailliú de bharr nítrigine. Níl aon éifeacht ghearrthéarmach, mheántéarmach ná fhadtéarmach ag an neamhchomhlíonadh aitheanta. Is ábhar riaracháin é seachas ábhar truaillithe.

Leagtar amach i Rialachán AE go mbraithfidh an t-atarlú ar cé acu ar cinneadh nó nár cinneadh neamhchomhlíonadh comhchosúil níos mó ná uair amháin laistigh de thréimhse trí bliana as a chéile. Sa chás seo rinneadh atarlú mar a leagadh amach roimhe seo agus cur síos á dhéanamh ar an gcaoi ar ríomhadh an pionós 200% seo a gearradh do 2021.



Mheas an tOifigeach Achomhairc go raibh fad agus atarlú an neamhchomhlíonta riaracháin faillíoch suntasach, agus níor tuigeadh tábhacht chomhfhreagras DAFM in ainneoin roinnt litreacha, go dtí gur forchuireadh an pionós airgeadais in 2021. Sna blianta roimhe sin, ní raibh aon tionchar airgeadais ann toisc nach raibh teidlíochtaí ann.

Bunaithe ar an bhfianaise, bhí an tOifigeach Achomhairc sásta gur cuireadh nítrigin a táirgeadh ar ghabháltas an fheirmeora i dtaisce freisin ar thalamh nár dearbhaíodh a bheith incháilithe ar BPS. Níor chás é seo ina bhféadfadh truailliú tarlú trí thaisceadh aoileach beostoic de bhreis ar 170 kg in aghaidh an heicteáir; ní dheachaigh an t-ábhar seo i bhfeidhm go diúltach ar aidhm agus ar chuspóir na rialachán Níotráití.

Chinn an tOifigeach Achomhairc go raibh faillí ann thar roinnt blianta ó thaobh riarachán agus tuairisciú an fheirmeora, ach ní raibh aon neamhchomhlíonadh d'aon ghnó ann. Chinn an tOifigeach Achomhairc freisin, toisc go raibh atarlú ag an neamhchomhlíonadh riaracháin faillíoch a chuimsíonn 2014, 2015, 2016, 2018, 2019 & 2020. Ós rud é nach raibh an pionós 200% a cuireadh i bhfeidhm sa chás seo comhréireach agus go ndeachaigh sé ar aghaidh ag féachaint do dhéine agus do mhéid an neamhchomhlíonta, agus ós rud é go raibh an neamhchomhlíonadh bainteach le riarachán gan aon tionchar díobhálach i dtéarmaí an phríomhchuspóra maidir le truailliú uisce a chosc, chinn an tOifigeach Achomhairc gur cheart an pionós a gearradh a leasú ó 200% go 15%. I gcás ina mbeidh neamhchomhlíonadh arna chinneadh mar thoradh ar fhaillí an tairbhí, is é 3% a bheidh sa laghdú, de ghnáth; mar sin féin, is iomchuí pionós 15% a ghearradh anseo i bhfianaise an atarlaithe atá i gceist. Tugtar ar aird, fiú má mheastar go bhfuil intinn i gceist le comhlíonadh go teicniúil, foráiltear sna rialacháin gur féidir an pionós a laghdú go 15%.

Ceadáíodh an t-achomharc go páirteach.



Cás 04: Scéim Agra-Chomhshaoil Astaíochtaí Íseal Glas (GLAS) 3

Bhí an feirmeoir ina rannpháirtí GLAS 3 agus, le linn seiceálacha bailíochtaithe i mBealtaine 2021, d'aithin an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) nár éilíodh beartán ina raibh gníomh traidisiúnta an fheirmeora maidir le Móinéar Féir, a ghníomh Caomhnaithe Beacha Aonair agus a ghníomh maidir le Boscaí Éan, ar iarratas Scéim Buníocaíochta (BPS) an fheirmeora do 2020. Ba riachtanas é seo faoi Alt 8.5 de Théarmaí agus Coinníollacha GLAS 3. Chuir an DAFM in iúl don fheirmeoir gur diúltaíodh do na gníomhartha ó chonradh GLAS 3, de réir an Sceidil Pionóis sna Téarmaí agus Coinníollacha. Le linn 2021 lorg an feirmeoir athbhreithniú inmheánach ón DAFM, ach seasadh leis an gcinneadh bunaidh. Rinne an feirmeoir achomharc chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta agus d'iarr sé éisteacht ó bhéal.

Áiríodh ar na forais achomhairc gur úsáid an feirmeoir seirbhísí comhairleora talmhaíochta chun a iarratais go léir ar líne chuig DAFM a chomhlánú. Luaigh an feirmeoir gur athraigh an uimhir aitheantais don bheartán seo agus nár tharchuir sé ar an bhfoirm iarratais BPS cé go raibh sé ar fhógraí BPS réamhphriontáilte. Luaigh an feirmeoir gur fágadh an beartán ar lár mar gheall ar earráid soineanta agus an-dáiríre. Lean an feirmeoir a ghealltanais GLAS 3 go léir faoin gconradh agus measadh go raibh an pionós dian, i bhfianaise a chomhlíonta leis na gníomhartha.

D'fhreagair an Roinn gur mhair tréimhse chonartha GLAS 3 ó thús 2017 go dtí deireadh 2021. Léirigh seiceálacha bailíochtaithe le linn 2021 nach raibh an beartán talún san áireamh ar fhoirm iarratais BPS 2020 an fheirmeora, contrártha lena bhfuil riachtanach faoi chonradh GLAS 3 agus faoi Théarmaí agus Coinníollacha. B'éigean don DAFM neamhfheidhmiú an bheartáin talún a aithint mar neamhchomhlíonadh agus an smachtbhanna a chur i bhfeidhm de réir Théarmaí agus Choinníollacha GLAS 3. Bhí moill ar an DAFM mar gheall ar fhadhbanna a bhain le Covid-19.

Mhínigh ionadaí an fheirmeora ag an éisteacht ó bhéal go raibh athrú tagtha ar Uimhir Aitheantais Beartán Talún (LPIS) an bheartáin ag deireadh 2019, agus ní raibh an beartán seo le feiceáil ar fhoirm iarratais 2020 do BPS. Athraíodh líon na mbeartán eile freisin ach bhí siad go léir le feiceáil ar iarratas BPS 2020. Bhí tréimhse shuntasach ann freisin ón earráid in 2020 go dtí an fógra faoin toradh le linn 2021 agus níor tugadh deis an earráid a cheartú. Níor bhain an comhairleoir talmhaíochta an beartán, ní raibh sé ar an gcóras, agus ní dhearnadh nóta ina leith. B'ionann an cailteanas don fheirmeoir agus tuairim is €3,000. Chuir an feirmeoir in iúl nár aontaigh siad le bunús an phionóis toisc go raibh na gníomhartha curtha i gcrích acu de réir an chonartha.



Agus an t-achomharc á bhreithniú, ceanglaíodh ar an Oifigeach Achomhairc cloí leis an reachtaíocht agus le Téarmaí agus Coinníollacha GLAS 3, lena n-áirítear Sonraíochtaí GLAS 3. Maireann na gealltanais ar feadh tréimhse 5 bliana.

13. Mainneachtain Leanúint ar aghaidh le Gníomhartha nó Gan Gníomhartha a chríochnú .13.1.
I gcás nach leanfar de ghníomh iomlán nó de chuid de ar feadh ré an chonartha, aisíocfar an chabhair go léir nó cuid di a íocadh i leith an ghnímh agus féadfar pionóis a chur i bhfeidhm.

Iarscríbhinn 2: Sceideal Pionóis do GLAS

| <i>Gníomh</i> | <i>Cineál Neamhchomhlíonta</i> | <i>Pionós Scéime</i> |
|-----------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <i>Móinéar Féir Traidisiúnta</i> | <i>ii. Gníomh gan seachadadh de réir sonraíochta GLAS.</i> | <i>ii. Gníomh neamh-incháilithe d'íocaíocht GLAS. Aisghlámadh aon íocaíochtaí a rinneadh ar an ngníomh seo go dtí seo.</i> |
| <i>Boscaí Éan</i> | <i>i. Gníomh gan seachadadh nó an t-íosaeonad riachtanach gan seachadadh (bosca amháin).</i> | <i>i. Gníomh neamh-incháilithe d'íocaíocht GLAS. Aisghlámadh aon íocaíochtaí a rinneadh ar an ngníomh seo go dtí seo.</i> |
| <i>Caomhnú Beacha Aonair (Gaineamh)</i> | <i>i. Gníomh gan seachadadh nó an t-íoslíon gnáthóg riachtanach gan seachadadh (gnáthóg amháin).</i> | <i>i. Gníomh neamh-incháilithe d'íocaíocht GLAS. Aisghlámadh aon íocaíochtaí a rinneadh ar an ngníomh seo go dtí seo.</i> |



Tráth an iarratais d'aontaigh an feirmeoir cloí leis na Téarmaí agus Coinníollacha agus d'aontaigh sé gur thuig sé go bhféadfadh smachtbhannaí agus aisghabháil airgid a íocadh a bheith mar thoradh ar theip ina leith sin. Níor cuireadh ina choinne nár éilíodh an beartán talún ina raibh na trí ghníomh atá faoi réir achomhairc ar a iarratas BPS 2020. Thug an tOifigeach Achomhairc ar aird gur éiligh Téarmaí agus Coinníollacha GLAS 3 iarratas bliantúil GLAS ag baint úsáide as an bhfoirm iarratais BPS.

Áiríodh san fhaisnéis fhorlíontach a chuir DAFM ar fáil agus a cuireadh in iúl don fheirmeoir le haghaidh freagra roimh an gcinneadh ar an achomharc, nach bhfuil san ábhar réamhphriontála ach am ar leith ar a bhfuil ar an gcóras, ... *is faoin iarratasóir nó sa chás seo an gníomhaire a chinntiú go ndearbhaítear ar an iarratas na tailte go léir a ndéanann an t-iarratasóir feirmeoireacht orthu. ... chuir an gníomhaire talamh le hiarratas 2020Tugann an leathanach deireanach den doiciméad ar líne achoimre ar an talamh iomlán a éilítear.* Léirigh an DAFM gur tharla an t-athrú ar shainithint an bheartáin le linn mhí Aibreáin 2020 mar gheall ar 'eagar' foraoiseachta agus ghlac sé leis gur cheart go mbeadh sainithint nua an bheartáin le feiceáil ar iarratas an fheirmeora in áit ceann roimhe seo. Rinne an tOifigeach Achomhairc machnamh freisin ar ábhar na Foirme Iarratais Réamhphriontáilte agus na Léarscáileanna Iarratais Réamhphriontáilte a eisíodh chuig an bhfeirmeoir i mí an Mhárta 2020. Seo iad na cáipéisí a bheadh scrúdaithe go mion ag an bhfeirmeoir agus ag a gcomhairleoir maidir le gníomhartha GLAS, agus bhí an beartán atá i gceist iontu sin. Seo a leanas sliocht as an bhFoirm Iarratais Réamhphriontáilte:

4. Tá do ráiteas faoi thalamh agus do léarscáileanna faoi iamh ceart tráth na priontála. Soláthróidh an córas iarratais ar líne na sonraí agus na léarscáileanna talún is déanaí.

Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta ó stair an iarratais nár chuir an feirmeoir ná a gníomhaire an beartán as an áireamh. Áiríodh i bhfianaise an DAFM go bhféadfadh sé tarlú, i gcásanna áirithe, go dteipfeadh ar an uimhir nua LPIS leanúint ar aghaidh leis an iarratas ar líne. Sa chás sin, níor sholáthair an córas iarratais ar líne na sonraí talún is déanaí don fheirmeoir don beartán, dá bhforáiltear i mír 4 den Fhoirm Iarratais Réamhphriontáilte a luaitear thuas. D'admhaigh an tOifigeach Achomhairc seasamh an DAFM maidir le freagracht an fheirmeora a chinntiú go bhfuil an t-iarratas ar líne ceart agus go léiríonn sé an talamh agus na limistéir a éilítear. Mar sin féin, thug an tOifigeach Achomhairc aird, sa chás áirithe seo, ar sheicheamh fianaise imeachtaí a d'fhág gur



fágadh an beartán a bhí i gceist ar lár ón iarratas ar líne agus nach féidir a mheas go raibh an chiontaíl sin ina luí go hiomlán leis an bhfeirmeoir.

Thug an tOifigeach Achomhairc aird ar na forálacha maidir le 'hearráid fhollasach', agus ag an am céanna fuarthas amach gur fágadh an beartán ar lár le linn seiceáil bailíochtaithe. D'admhaigh an tOifigeach Achomhairc *'nach féidir a mheas go bhfuil earráid follasach ar an bhforas go bhfuil córas éifeachtach curtha ar bun ag Ballstát chun neamhrialtachtaí a bhrath.'* Mar sin féin, d'admhaigh an tOifigeach Achomhairc freisin nár chuir Nóta Léirmhíniúcháin ón gCoimisiún bac ar aicmiú an chineáil earráide seo mar is léir nuair a deir sé *'... Mar sin féin, ní féidir le duine an fhéidearthacht go mbeadh earráid soiléir a eisiámh, fiú murab é an feirmeoir é féin foinse na faisnéise a úsáideadh chun an earráid a bhrath.'* agus *'... Is féidir freisin go bhféadfaí na cineálacha earráide sin a aicmiú mar earráidí soiléire fiú nuair a bhunaítear iad mar thoradh ar sheiceáil ar an láthair.'* Sonraítear sa Nóta Léirmhíniúcháin ón gCoimisiún freisin faoi na míreanna dar teideal 'Stádas' ag (2) *'... nach n-aicmítear agus nach féidir leis an doiciméad seo gach cineál earráide féideartha a aicmiú.'* Dá bhrí sin, chinn an tOifigeach Achomhairc nach bhfuil cosc ná teorainn ar earráid den chineál seo a aithint mar earráid fhollasach. Rinneadh foráil sa Nóta Léirmhíniúcháin ón gCoimisiún go n-aithneofaí earráid, fiú sa chás go raibh nó go mbeadh íocaíocht níos airde mar thoradh air ach thug sé rabhadh *'... Cuirtear i dtábhacht go háirithe i ndáil leis sin nach mór don údarás inniúil an t - ábhar a chinneadh ar bhonn na bhforas agus na gcúinsí go léir atá ar fáil don chás aonair lena mbaineann.'*

Chinn an tOifigeach Achomhairc go sainaitníonn seiceáil shimplí idir an Fhoirm Iarratais Réamhphriontáilte agus an t-iarratas ar líne an earráid agus go raibh sé sásta ón bhfianaise gur comhlíonadh forálacha Airteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 ón gCoimisiún maidir le 'earráid fhollasach' sa chás seo. Chinn an tOifigeach Achomhairc gur cheart an t-iarratas BPS 2020 a cheartú chun beartán an ghabháiltais a fágadh ar lár ina raibh gníomhartha GLAS 3 a chur san áireamh.

Ceadaíodh an t-achomharc.



Cás 05: Réimsí na Scéime Srianta Nádúrtha (ANC) 2021

Bhí an feirmeoir ina iarratasóir ar Scéim Srianta Nádúrtha 2021 (ANC) agus rinne sé teagmháil leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) i lár 2021 tar éis dó a bheith buartha gur dhíol sé eallach óna ghabháltas. Tar éis seiceálacha a dhéanamh, diúltaíodh d'iarratas ANC an fheirmeora toisc nár chomhlíon sé an t-íosriachtanas stocála le haghaidh incháilitheacht ANC 2021 maidir le 0.15 aonad beostoic ar a laghad a bheith aige in aghaidh an heicteáir (LU/Ha) ar a ghabháltas ar feadh seacht mí as a chéile le linn 2021. Rinne an feirmeoir achomharc ar an gcinneadh chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta agus d'iarr sé éisteacht ó bhéal.

I measc na bhforas achomhairc bhí an feirmeoir ag díol a chuid eallaigh go hearráideach nuair a bhí sé faoi bhrú é sin a dhéanamh mar gheall ar aois na n-eallaí. Rinne an feirmeoir teagmháil leis an DAFM laistigh de 24 uair an chloig ón díolachán chun incháilitheacht ANC a sheiceáil agus d'fhiosraigh sé faoi fhéidearthachtaí chun an cás a chur ina cheart amhail eallach breise a cheannach, gur coinníodh roinnt asal trína bhféadfaí 50% den cheanglas maidir le dlús stocála a chomhlíonadh agus ba cheart a mheas go mbronnfaí 50% den íocaíocht ANC orthu. Mhínigh an feirmeoir conas a chomhlíon sé na riachtanais in 2020 le ceannach 0.6 eallach LU agus gur thug sé na beithígh sin isteach in 2021 nuair a bhí siad 1.0 LU, agus coinníodh asail thar roinnt blianta. Chreid an feirmeoir go raibh dóthain stoic aige chun riachtanais ANC do 2021 a chomhlíonadh. Mheas ionadaí an fheirmeora ag an éisteacht ó bhéal go raibh an pionós an-dian sna cúinsí.

Mar fhreagra ar an achomharc mhínigh an DAFM, chomh maith le riachtanais na Scéime maidir le ráta stocála bliantúil, go raibh an riachtanas ann freisin maidir le tréimhse stocála 7 mí as a chéile. Ba í an phríomhcheist ná nár comhlíonadh an tréimhse choinneála 7 mí as a chéile mar gheall ar dhíol eallaigh i mBealtaine 2021, rud a d'fhág go raibh an feirmeoir 2 mhí gann. Measadh gur cinneadh bainistíochta feirme a bhí i gceist le díolachán na n-eallach. Shoiléirigh an DAFM nach iarratas pionóis é seo agus ina ionad sin meastar go bhfuil iarratas 2021 ANC neamh-incháilithe toisc nach gcomhlíontar ceanglas incháilitheachta. D'fhreagair an DAFM freisin nach bhfuil aon fhoráil ann maidir le híocaíocht chéimnithe, agus nach raibh siad in ann íocaíocht 50% a dhéanamh, go bhfuil an DAFM faoi cheangal ag Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime agus go bhfuil a mbainistíocht ar an ANC agus a n-íocaíochtaí oscailte lena n-íniúchadh gach bliain ag an AE.



Agus cinneadh á dhéanamh ar an achomharc, ceanglaíodh ar an Oifigeach Achomhairc cloí le reachtaíocht, treoirínite agus coinníollacha an Aire a rialaíonn an Scéim. Téarma agus Coinníollacha ANC 2021 de dhíth.

Chun cáiliú don Scéim ANC/ASC ní mór duit –

- *Íosdlús stocála 0.15 aonad beostoic a choinneáil in aghaidh an heicteáir foráiste incháilithe ar feadh 7 mí as a chéile laistigh de bhliain féilire 2021.*
- *Meándlús bliantúil stocála 0.15 aonad beostoic a choinneáil in aghaidh an heicteáir foráiste incháilithe don bhliain féilire 2021.*

Maidir leis na forais achomhairc i ndáil leis an eallach a dhíol go hearráideach ag an am agus an dóthain asal a bheith aige, chinn an tOifigeach Achomhairc go raibh Téarmaí agus Coinníollacha ANC soiléir, d'fhéadfadh asail 50% ar a mhéad de dhlús stocála a dhéanamh suas, bhí beostoc eile ag teastáil dá bhrí sin. Chinn an tOifigeach Achomhairc gur sháraigh díolachán eallaigh i mBealtaine 2021 an riail 7 mí as a chéile thuas agus gur chiallaigh sé sin nár comhlíonadh an incháilitheacht agus nach bhféadfadh an feirmeoir cáiliú don ANC. D'admhaigh an tOifigeach Achomhairc gurbh é an feirmeoir a chuaigh i dteagmháil leis an DAFM ar an ábhar ar dtús agus go raibh an díolachán eallaigh trí dhearmad, ach toisc gur tharla sé seo le linn mhí na Bealtaine 2021, níor fhág sé sin aon deis an riachtanas 7 mí as a chéile a chomhlíonadh.

Bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc leigheas Force Majeure freisin, ach ar an drochuair ba de chineál cinneadh gnó é an cinneadh a rinne an feirmeoir an t-eallach a dhíol agus ba iad tosca margaidh amhail praghas agus aois mhéadaitheach na n-ainmhithe a spreag é, agus níor imthosca iad sin a d'fhéadfaí a mheas mar force majeure.

Dícheadaíodh an t-achomharc.



Cás 06: Traschomhlíonadh a raibh tionchar aige ar íocaíochtaí faoin Scéim Íocaíochta Bunúsach (BPS) 2016 agus scéimeanna eile.

Iarratasóir BPS 2016 ab ea an feirmeoir. Rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) cigireacht traschomhlíonta bunaithe ar an bhfeirm le linn mhí Iúil 2016. Ag an gcigireacht fuarthas neamhchomhlíonadh maidir le Riachtanas Bainistíochta Reachtúil (SMR) 1. Ag iniúchadh eisíodh fógra don fheirmeoir faoi smachtbhanna 5% a d'fhéadfadh a bheith ann. Eisíodh cinneadh foirmiúil ina dhiaidh sin ina leagtar amach torthaí na cigireachta, i ndáil le Limistéar 1 – Comhshaol, Athrú Aeráide & Ríocht Maith Talmhaíochta Talún, SMR 1, Nótráití. Tugadh breac-chuntas sa litir ar an neamhchomhlíonadh seo a leanas: *'Fianaise amhairc ar bhailiúchán neamhleor aoiligh beostoic, sciodair/leasacháin orgánaigh & uisce salach agus ar an gcaoi sin ceadaítear rith chun srutha nó lorg go díreach nó go hindíreach isteach in uiscí talún/uiscí dromchla na dtruailleán sin. Níl aon áiseanna bailithe ná stórála ar an bhfeirm chun na truailleáin thuasluaite a bhailiú. Tá murlach sciodair gan líneáil ar an bhfeirm & á úsáid chun gach truailleán a stóráil. Tá riosca truailithe an-tromchúiseach mar thoradh ar an neamhchomhlíonadh seo. Ba cheart do gach saoráid stórála sonraíochtaí na Ranna seo a chomhlíonadh freisin. Mar thoradh ar na heasnaimh bhonneagair agus ar an bhfadhb thruailithe thuas sa chlós tá scaoileadh tromchúiseach díreach nó indíreach/ chuig uiscí dromchla/uiscí talún ag na dtruailleán sin.'* Luadh sa chinneadh foirmiúil go raibh smachtbhanna 'intinne' 20% i gcoinne íocaíochtaí scéim na bhfeirmeoirí mar thoradh ar an toradh traschomhlíonta foriomlán. Lorg an feirmeoir athbhreithniú ar an gcinneadh le fianaise go raibh an murlach líonta isteach. Ina gcinneadh athbhreithnithe, chinn an DAFM gur cheart go seasfadh an cinneadh bunaidh smachtbhanna intinne a chur i bhfeidhm, áfach, cuireadh smachtbhanna laghdaithe 15% i bhfeidhm. Rinne an feirmeoir achomharc ar an gcinneadh agus lorg sé éisteacht ó bhéal.

Ar fhorais an achomhairc, dúirt an feirmeoir go raibh poll tochailte mar shíneadh ar bhunchloch de leac choíncreíte ar thug an cigire murlach uirthi agus dúirt sé gur 5% a bheadh sa phionós agus gur síníodh an tuarascáil rialaithe ag an am. Bhí an poll líonta isteach ag an bhfeirmeoir ar iarratas ón gcigire agus chuir sé fianaise ghrianghrafadóireachta de seo ar fáil don DAFM taobh istigh de thréimhse ghearr ama. Rinne an feirmeoir díospóid faoi thomhais an DAFM ar scála an 'phoill' agus chuir sé a tomhais féin ar fáil. Dúirt an feirmeoir nach raibh sciodar ann agus ina ionad sin go raibh méid beag cré fhliuch ann. Bhí an feirmeoir i dteagmháil leis an DAFM maidir le nithe a bhain leis na nósanna imeachta a leanadh.



Mar fhreagra air sin, dúirt an DAFM gur tuairiscigh an cigire gur aimsíodh murlach gan líneáil thart ar 10m x 20m. Bhí an cigire sásta go raibh eisiltigh laistigh de agus cé gur léirigh an cigire smachtbhanna féideartha de 5%, is smachtbhanna ar leibhéal intinne (20%) an treoir a chuirtear ar fáil i nósanna imeachta DAFM ina bhfuil murlach créafóige (nó gan líneáil) nó poll tochailte nó aon saoráid aistrithe eile á úsáid mar shaoráid stórála. Shoiléirigh an DAFM nach raibh tionchar ag síniú an fheirmeora ar an tuarascáil rialaithe ar leibhéal an smachtbhanna.

Rinneadh éisteacht ó bhéal inar leag an DAFM amach an bunús don chigireacht agus don smachtbhanna. Luaigh an DAFM, nuair a bhí an smachtbhanna á laghdú ó 20% go 15%, gur thug rátaí stocála ísle ar aird, go raibh an geimhriú amuigh ann agus nach raibh aon eisilteach á scaoileadh go díreach isteach i gcúrsa uisce nó i ndraein. Thug an feirmeoir le fios gur thochail sé le leac choincréite a shíneadh i rith an tsamhraidh ach nach raibh an choincréit curtha isteach aige faoin ngheimhreadh, agus go raibh an clós ‘go hiomlán glan’ tráth na cigireachta. Bhí plé maidir le grianghraif a dúirt an feirmeoir a cuireadh ar fáil. Dheimhnigh an DAFM don Oifigeach Achomhairc nár ardaíodh aon saincheist maidir leis an gComhairle Contae. Dheimhnigh an feirmeoir go raibh sé ar intinn aige an poll a chur ina cheart, níor cruthaíodh d'aon turas é de shárú ar na Rialacháin Níotráití.

Agus an t-achomharc á chinneadh aige, bhí de cheangal ar an Oifigeach Achomhairc aird a thabhairt ar phrionsabail an cheartais nádúrtha agus comhlíonfaidh sé aon reachtaíocht agus téarmaí, coinníollacha agus treoirínte iomchuí de chuid an Aire lena rialaítear nó a bhaineann leis an scéim atá i gceist.

Bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc na pionóis a soláthraíodh le haghaidh intinne agus faillí, i Scéim Buníocaíochta an AE 2016 (BPS)/Téarmaí agus Coinníollacha Íocaíochta Glasaithe

- *I gcás ina gcinntear an neamhchomhlíonadh a bheith **d'aon ghnó**, is é 20% a bheidh sa laghdú de ghnáth ach féadfar é sin a laghdú go 15% nó a mhéadú suas go 100% ag brath ar mhéid atarlaithe, déine agus buaine an neamhchomhlíonta a aimsíodh.*
- *Má fhaightear go sáraíonn iarratasóir Traschomhlíonadh trí **fhaillí**, beidh pionós 3% i bhfeidhm de ghnáth ach is féidir é seo a laghdú go 1% nó a mhéadú go 5% ag brath ar mhéid, déine agus buaine an neamhchomhlíonta. Má tá feidhm ag ‘atarlú’ déanfar an pionós a iolrú faoi 3 go teorainn 15%. Measfar gur Intinn é sárúithe atarluithe ina dhiaidh seo’.*



Ón bhfianaise a fuair an tOifigeach Achomhairc gur chóir go mbeadh an poll líonta ag an bhfeirmeoir ag am na n-oibreacha tógála. Chinn an tOifigeach Achomhairc go soiléir nach raibh sé i gceist ag an bhfeirmeoir murlach a chruthú chun eisiltigh a bhailiú, níor úsáideadh aon cheann de na seideanna ar an bhfeirm le haghaidh an gheimhridh, agus ní raibh aon fhianaise ann go raibh sciodar nó aoileach clóis feirme á charnadh ar an bhfeirm. Bhí an tOifigeach Achomhairc ar an eolas freisin nach raibh aon chairn aoiligh i láthair ar an bhfeirm, nach raibh aon pholl sadhlais ná eisilteach sadhlais ann, agus go raibh leibhéil stoic an-íseal ann. Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta ón bhfianaise nach bhfuil aon fhianaise ann go rabhtas ag scaoileadh isteach sa pholl tochailte nó amach as chuig cúrsa uisce nó draenach lá na cigireachta.

Scrúdaigh an tOifigeach Achomhairc as 'faillí' agus 'intinn' maidir leis an neamhchomhlíonadh a aimsíodh agus níor chreid sé go raibh sé i gceist ag an bhfeirmeoir murlach a chruthú nó an poll a úsáid chun eisiltigh ar bith a stóráil. Chinn an tOifigeach Achomhairc gur tharla an cás sonrach mar gheall ar fhaillí neamhaireach i ndáil le dearmad. Chinn an tOifigeach Achomhairc go raibh 'smachtbhanna faillí' de 5% infheidhme.

Ceadaíodh an t-achomharc go páirteach.



Cás 07: Beart Cúnaimh Eisceachtúil Mairteola (BEAM)

Ghlac an feirmeoir páirt sa Bheart Cúnaimh Eisceachtúil Mairteola (BEAM) agus faoi Théarmaí agus Coinníollacha BEAM ceanglaíodh air táirgeadh nítrigine aoiligh beostoic bhólachta ar a ngabháltas a laghdú 5% don tréimhse 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021 i gcomparáid leis an tréimhse 1 Iúil 2018 go dtí an 30 Meitheamh 2019. Léirigh seiceálacha na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) nár laghdaíodh táirgeadh den mhéid riachtanach. Lorgaíodh athbhreithniú inmheánach ón DAFM ar fhorais gur cuireadh srian ar an tréad ó Shamhain 2018 go dtí deireadh mhí an Mhárta 2019 agus gur chuir sé le ráta stocála íseal le linn na tréimhse tagartha tosaigh. Sheas an DAFM lena chinneadh ar an mbonn go raibh ar iarratasóirí BEAM iarratas a dhéanamh ar mhaolú i gcúinsí den sórt sin faoi dheireadh Mheán Fómhair 2019, de réir Théarmaí agus Coinníollacha BEAM. Rinne an feirmeoir achomharc chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta agus d'iarr sé éisteacht ó bhéal.

Ar fhorais an achomhairc, dúirt an feirmeoir go raibh srian ar an ngabháltas ar feadh 5 mhí den tréimhse thagartha 12 mhí, agus nach raibh sé in ann ceannach isteach tar éis díolachán chríochnaithe an fhómhair agus mar sin nach raibh siad in ann a ráta stocála níos airde a choinneáil. Mar thoradh air sin, luaigh an feirmeoir nach raibh an figiúr tagartha agus an spriocfhigiúr ina n-ionadaíocht chothrom don ghabháltas. Mhaígh an feirmeoir nach raibh Alt 7.1.1.1 de na Téarmaí agus Coinníollacha soiléir maidir le srian tréada, agus in aon chás go mbeadh an DAFM ar an eolas go hiomlán faoin srian tréada a forchuireadh ar an tréad. Fuarthas go raibh úsáid an fhocail maolú mearbhloch freisin sa chás go n-úsáidtear é le haghaidh feirmeoireachta nítrigine orgánaí níos airde.

Mar fhreagra air sin, luaigh an DAFM, i gcomhréir le roinn 7.1.1 de Théarmaí agus Coinníollacha an bhirt, gur aontaigh an t-iarratasóir an nítrigin aoileach beostoic bólachta a tháirgeann ainmhithe ar an ngabháltas a laghdú 5% i gcomparáid leis an tréimhse ón 1 Iúil 2018 go dtí an 30 Meitheamh 2019. Bhí tréimhse iarratais réasúnta gearr ag an mbeart, agus bhí na Téarmaí agus Coinníollacha soiléir go gcaithfidh iarratasóir iarratas a dhéanamh chuig an DAFM ar mhaolú roimh an 30 Meán Fómhair 2019 agus níor tharla sé seo. Ghlac an DAFM leis go raibh an figiúr nítrigine don ghabháltas i bhfad níos ísle sa tréimhse thagartha a chuimsigh srian tréada 5 mhí ná mar a bhí i gcomparáid leis na 4 bliana roimhe sin.



Agus cinneadh á dhéanamh faoin achomharc, ní mór don Oifigeach Achomhairc cloí leis an reachtaíocht, chomh maith le coinníollacha agus treoirlínte an Aire. Dréachtaítear an scéim BEAM i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1132 ón gCoimisiún.

Soláthraíonn Téarmaí agus Coinníollacha BEAM 2019:

Gealltanais ar tugadh fúthu trí rannpháirtíocht sa Bheart

7.1. Ní mór do gach iarratasóir tabhairt faoi na gealltanais seo a leanas go léir a chomhlíonadh chun páirt a ghlacadh sa Bheart:

7.1.1. An táirgeadh nítrigine aoiligh beostoic bhólachta a laghdú 5% don tréimhse ón 01 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021 i gcomparáid leis an tréimhse ón 01 Iúil 2018 go dtí an 30 Meitheamh 2019 mar atá taifeadta ar chórais na Roinne. Níl onnmhairí sciodair ináirithe mar laghdú.

7.1.1.1. Sa chás go dteipeann ar iarratasóir an riachtanas sin a chomhlíonadh mar gheall ar rannpháirtíocht iarratasóra i scéim nó i gclár a bhí ann cheana, arna riaradh ag an Roinn, nó sa chás go n-éilíonn oibleagáid dhlíthiúil a bhí ann cheana íoslíon beostoic bhuaibheach, agus sa chás go dteipfeadh ar an laghdú sin mar a leagtar amach in 7.1.1 a bhaint amach, ní mór d'iarratasóir iarratas a dhéanamh chuig an Roinn ar mhaolú roimh an 30 Meán Fómhair 2019. ... Déanfar iarratais den sórt sin a athbhreithniú ar bhonn cás ar chás.

Fuair an tOifigeach Achomhairc go míníonn Téarmaí agus Coinníollacha BEAM na ceanglais chun an táirgeadh ar an ngabháltas a laghdú agus fuair sé nach mór iarratais ar mhaolú a chur isteach roimh an 30 Meán Fómhair 2019. Rinneadh an iarraidh ar an maolú sa chás seo le linn mhí an Mhárta 2021. Luaigh forais achomhairc an fheirmeora gur chreid siad go mbreithneofaí na cúinsí TB go huathoibríoch, agus nach bhfuil foclaíocht mhír 7.1.1.1 de na Téarmaí agus Coinníollacha soiléir maidir le srianadh TB.

Chinn an tOifigeach Achomhairc gur clár atá ann cheana é an Clár um Dhíothú Eitinne agus léiríonn sé oibleagáid dhlíthiúil ar an bhfeirmeoir maidir le srianadh tréada. Mar sin féin, ní fhéadfadh an tOifigeach Achomhairc teacht ar aon léiriú soiléir go bhfuil oibleagáid nó ceanglas ann maidir le líon íosta beostoic faoin gClár um Dhíothú Eitinne. Ar an mbonn sin agus in imthosca an cháis, ghlac an



tOifigeach Achomhairc go bhféadfadh foclaíocht mhír 7.1.1.1 de Théarmaí agus Coinníollacha BEAM mearbhall a chruthú.

Ina theannta sin, thug an tOifigeach Achomhairc ar aird alt 10 de Théarmaí agus Coinníollacha BEAM, i gcás nach gcomhlíontar gealltanais an Bheart mar a shainmhínítear in Alt 7 ina n-iomláine, ach amháin i gcásanna Force Majeure, beidh pionóis i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, déantar foráil in alt 13 maidir le force majeure agus liostaítear ann cásanna tipiciúla ina bhféadfadh feidhm a bheith ag force majeure lena n-áirítear eipeasótach a dhéanann difear do chuid de bheostoc an tairbhí nó do bheostoc uile an tairbhí. De bhun seo fuair an tOifigeach Achomhairc léiriú soiléir sna Téarmaí agus Coinníollacha nach mbeadh pionóis i bhfeidhm maidir le mainneachtain na ceanglais ag Alt 7 a chomhlíonadh sa chás go dtagann minicíocht force majeure chun cinn. Chinn an tOifigeach Achomhairc go raibh fianaise shoiléir ann go raibh imthoisc force majeure ag dul i bhfeidhm ar chuid den bheostoc le linn príomhthréimhse cláir.

Ceadaíodh an t-achomharc.



Cás 08: Scéim Nuachóiriú Talmhaíochta Spriocdhírithe (TAMS) II – Scéim Infheistíochta Caipitil na bhFeirmeoirí Óga (YFCIS)

Chuir an feirmeoir iarratas faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) le haghaidh TAMS II - YFCIS i mí Aibreáin 2020 agus ceadaíodh an t-iarratas. Ar an 13 Iúil 2021, rinne an feirmeoir éileamh íocaíochta do thancaer sciodair soghluaiste le córas píobáin shraoiligh. Tugadh faoi deara i rith iniúchta a rinne DAFM ar an réamhíocaíocht gur tugadh le fios ar chóip den seic a rinneadh go ndearnadh íocaíocht leis an soláthraí ar an 19 Iúil 2021 i ndiaidh an éilimh íocaíochta a dhéanamh agus gur mheas DAFM go raibh an t-éileamh neamh-incháilithe. Lorg an feirmeoir athbhreithniú ar an gcinneadh seo, agus i mí na Samhna 2021 sheas DAFM leis an gcinneadh. D'achomharc an feirmeoir an cás chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta agus lorgaíodh éisteacht ó bhéal.

San áireamh san fhoras achomhairc bhí an pointe go raibh an mhír infheistíochta i seilbh an fheirmeora agus go raibh sonrasc chun an ceannachán a dheimhniú ag an bhfeirmeoir, a síníodh agus a dátaíodh mar mhír íochta ar an 12 Iúil 2021, agus is ar na fíricí sin a bhí an t-éileamh íocaíochta bunaithe. Mhínigh an feirmeoir nach nós leis seicleabhar a úsáid agus go n-úsáideann sé baincéireacht ar líne de ghnáth. Sa chás seo, bhí an seic bainte as an seicleabhar níos túisce agus níor comhlánaíodh an duille seic go dtí níos déanaí. Ní raibh aon smacht ag an bhfeirmeoir ar an uair a ndéanfadh soláthraí an innealra an seic a lóisteáil agus d'fhéadfadh sé suas le ceithre lá a thógáil chun seic lóisteáilte a ghlanadh. Chomh maith leis sin, sheachaid an soláthraí an t-innealra ar an dáta céanna agus a bhí ar an sonrasc, agus postáladh an seic chuig an soláthraí ar an dáta seachadta. Mhínigh an feirmeoir go ndearnadh an t-idirbheart ag am an-ghnóthach ar an bhfeirm, agus go ndearnadh botún maidir leis an Dé Luain a bhí i gceist; scríobhadh Dé Luain, an 19 Iúil 2021 seachas Dé Luain, an 12 Iúil 2019, agus gur earráid dhaonna a bhí ann.

Dheimhnigh DAFM go bhfuil feidhm le Téarmaí agus Coinníollacha TAMS II - YFCIS, dar dáta an 5 Deireadh Fómhair 2019. Shonraigh an DAFM nuair a éilítear an íocaíocht go bhfíoraíonn an feirmeoir go bhfuil gach admháil agus sonrasc ceart agus ábhartha don infheistíocht éilithe agus go raibh íocaíocht iomlán curtha ar fáil don soláthraí sula ndearnadh an t-éileamh ar íocaíocht. Is é cuspóir an iniúchta, ar an gcéad dul síos, a fháil amach an raibh an tancaer sciodair agus an píobán sraoiligh ar an bhfeirm, agus ar an dara dul síos an raibh na hinfeistíochtaí déanta ag teacht le



sonraíochtaí na Roinne, in ord agus ar an trídú dul síos, fianaise ar íocaíocht a dheimhniú, a raibh scrúdú ar na taifid airgeadais tacaíochta san áireamh ann. Sa chás seo, mar thoradh ar an iniúchadh aimsíodh go ndearnadh an t-idirbheart a bhain leis na seic i gcuntas bainc an fheirmeora ar an 26 Iúil 2021, dáta i ndiaidh an dáta ar íocadh an sonrasc. Sin an chúis ar lorgáodh an chóip den seic briste, ba é an 19 Iúil 2021 an dáta a bhí ar an seic, dáta i ndiaidh an dáta a ndearnadh an t-éileamh íocaíochta, agus ní raibh costas mhéid an tsonraisc tabhaithe ag an bhfeirmeoir roimh nó ar dháta an éilimh chun íocaíocht a chur ar fáil. Bhí an chuma ar an scéal go raibh an dáta ar an duille seic leasaithe. Mar thoradh ar na torthaí maidir leis an íocaíocht, cuireadh smachtbhanna 100% i bhfeidhm ar iarratas TAMS II YFCIS ar chúnamh deontais. Ghlac an DAFM leis go raibh cead ag an bhfeirmeoir an t-éileamh ar íocaíocht a dhéanamh go dtí Meán Fómhair 2021. Thagair an DAFM d'Alt 8 de na Téarmaí agus Coinníollacha ina sonraítear an méid seo a leanas, *“Ní íocfar cúnamh deontais i ndáil le trealamh nó infheistíochtaí nua go dtí go mbíonn úinéireacht iomlán aistrithe chuig an t-iarratasóir sula lóisteáiltear an t-éileamh ar íocaíocht”*. Chuir an DAFM in iúl gurb ionann úinéireacht iomlán agus an tráth a mbíonn an infheistíocht íoctha go hiomlán ag an iarratasóir féin as a chuntas bainc agus nuair a bhíonn an infheistíocht ina sheilbh agus á rialú aige. Chomh maith leis sin, foráiltear in Alt 8.1 de na Téarmaí agus Coinníollacha nach bhfuil na híocaíochtaí a rinneadh (lena n-áirítear seiceanna iardhátaithe) i ndiaidh dháta an éilimh incháilithe chun críche breithnithe agus go ndiúltofar dóibh.

Tá an scéim seo á cur chun feidhme de bhua chlár faofa faoi Rialachán (CE) Uimh. 1305/2013 an 17 Nollaig 2013 ón gComhairle agus Rialachán (AE) 807/2014, 808/2014 agus 809/2014 ón gCoimisiún maidir le tacaíocht tuaithe don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). Leagann Rialachán (EU) 1306/2013 agus 640/2014 arna leasú síos na sonraí a bhaineann le Force Majeure agus Pionóis Riaracháin.

Tá an méid seo a leanas sonraithe i dTéarmaí agus Coinníollacha TAMS II- YFCIS:

Alt 3.4:

Is ar an iarratasóir ábhartha atá an fhreagracht iomlán as an bhfaisnéis atá le fáil san iarratas, éileamh ar íocaíocht agus doiciméid tacaíochta, curtha ar fáil ar líne nó de láimh, as doiciméid tacaíochta. Níl ghlacfaidh an Roinn le haon fhreagracht as aon earráid nó



easnamh atá le fáil in iarratais ar chúnamh deontais nó aon doiciméad tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith riachtanach.

Tá an fhreagracht iomlán as iarratais a admháil ar chóras ar líne na Roinne faoin spriocdháta dá dtagraítear di ag 1.4 thuas ar an iarratasóir ábhartha. Is ar an iarratasóir, é nó í féin, a bheidh an fhreagracht eolas a chur ar Théarmaí agus Coinníollacha na scéime, na sonraíochtaí agus aon leasú ábhartha agus iarmhairtí sháruithe na scéime.

Tá an méid seo a leanas sonraithe in Alt 8 de na Téarmaí agus Coinníollacha:

Ní íocfar cúnamh deontais i ndáil le trealamh nó infheistíochtaí nua mura bhfuil úinéireacht iomlán a leithéid aistriithe chuig an iarratasóir sula lóisteáiltear an t-éileamh ar íocaíocht. Is ionann úinéireacht iomlán agus an tráth a mbíonn an infheistíocht íoctha go hiomlán ag an iarratasóir.

Tá an méid seo a leanas sonraithe in Alt 8.1 de na Téarmaí agus Coinníollacha:

Tá íocaíochtaí a dhéantar (lena n-áirítear seiceanna iar-íocaíochta) i ndiaidh an t-éileamh ar íocaíocht a dhéanamh neamh-incháilithe agus diúltófar dóibh.

Fad is a bhí breithniú á dhéanamh ar an achomharc, thug an Oifig Achomhairc Talmhaíochta aird ar fhianaise airgeadais shonrach, dátú seiceanna agus aistriú cistí chuig cuntas reatha an fheirmeora ónar tarraingíodh an seic. Chomh maith leis sin, bhreithnigh an Oifig Achomhairc Talmhaíochta na hiarmhéideanna ábhartha a léirigh go raibh dóthain cistí ar fáil ón 16 Iúil 2021 chun méid íocaíochta na míre infheistíochta ábhartha a chlúdach. Ní raibh aon fhianaise ann go raibh dóthain cistí sa chuntas ar dháta an éilimh ar íocaíocht. Dá réir sin, bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc gur deacair glacadh leis go raibh sé beartaithe an 12 Iúil 2021 a scríobh ar an seic a raibh an 19 Iúil 2021 scríofa air.

Chuir an tOifigeach Achomhairc dearbhú an fheirmeora, a rinneadh san iarratas agus san éileamh ar íocaíocht, san áireamh agus chinn sé gur ar an bhfeirmeoir a bhí an fhreagracht a chinntiú gur thuig sé riachtanais na scéime agus go raibh siad á gcomhlíonadh aige. Ghlac an tOifigeach Achomhairc



leis go ndearna an feirmeoir éileamh bailí laistigh den teorainn ama a bhí sonraithe sa chás go mbeadh an t-éileamh siarchoinnithe go dtí go raibh an íocaíocht déanta, agus gur íocadh as an mír ar bhealach eile ainneoin go ndearnadh é sin i ndiaidh an éilimh ar íocaíocht agus go raibh an mhír ar a ghabháltas. Chinn an tOifigeach Achomhairc, áfach, nár chomhlíon an t-éileamh ar íocaíocht riachtanais Théarmaí agus Coinníollacha TAMS II - YFCIS, ná na coinníollacha sonracha atá liostaithe i Litir Cheadaithe TAMS II de bhrí nach raibh úinéireacht iomlán aistrithe sula ndearnadh an t-éileamh ar íocaíocht. Ina theannta sin, ní fhéadfaí Alt 8.1 de na Téarmaí agus Coinníollacha a ligean i ndearmad, *Tá íocaíochtaí a dhéantar (lena n-áirítear seiceanna iar-íocaíochta) i ndiaidh an t-éileamh ar íocaíocht a dhéanamh neamh-incháilithe agus diúltófar dóibh.*

Chinn an tOifigeach Achomhairc nár chomhlíon an feirmeoir an coinníoll sonracha a bhaineann le húinéireacht iomlán/an infheistíocht a bheith íoctha go hiomlán sular lóisteáladh an t-éileamh ar íocaíocht agus cinneadh nach raibh aon rogha ag an DAFM ach glacadh leis go raibh an íocaíocht neamh-incháilithe do chuntas deontais agus an pionós 100% a chur i bhfeidhm agus laghdú de réir Théarmaí agus Choinníollacha na Scéime.

Dícheadaíodh an t-achomharc.



Cás 09: An Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin (GLAS) 2

Bhí an feirmeoir páirteach in GLAS 2, tréimhse chonartha ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2020. San áireamh sna roghanna a taifeadh ar chóras GLAS bhí 1.2 heicteár de Chumhdach Éan Fiáin (an dáileacht iomlán). Rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara iniúchadh talún i rith mhí Lúnasa 2020 agus tugadh ró-éileamh a bhain le gníomhaíocht an Chumhdaigh Éan Fiáin faoi deara, aimsíodh uaslimistéar incháilithe de 0.86 Ha Dhiúltaigh an DAFM don iarratas iomlán GLAS 2 de bhrí gurb é Cumhdach Éan Fiáin an t-aon ghníomh Leibhéal 2 a thug rochtain tosaíochta don fheirmeoir ar GLAS 2, agus go raibh íoslimistéar de 1 ha ag teastáil. Lorg an feirmeoir athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh seo. Sheas an DAFM leis an gcinneadh bunaidh a rinneadh. D'achomharc an feirmeoir an cinneadh chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta.

San áireamh san fhoras achomhairc bhí an pointe gur thuig an feirmeoir go raibh an scéim á comhlíonadh go hiomlán aige, gur thuig sé go raibh limistéar sách mór plandaithe (1.2 ha) agus go raibh an limistéar ceart á éileamh ar an iarratas ar an Scéim Íocaíochta Bunúsáí (BPS). Cheannaigh sé an méid ceart síolta gach bliain chun limistéar 1.2 ha a phlandú agus bhí fianaise i bhfoirm admhálacha aige, agus botún dáiríre a bhí déanta.

Scrúdaigh an tOifigeach Achomhairc Téarmaí agus Coinníollacha GLAS 2. Seo thíos na míreanna ábhartha:

26. Freagracht an Iarratasóra

26.1. Is ar an iarratasóir, é nó í féin, a bheidh an fhreagracht eolas a chur ar Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime, na sonraíochtaí agus aon leasú ábhartha agus iarmhairtí sháruithe na Scéime.

Sonraíocht GLAS 2 - Cumhdach Éan Fiáin - Riachtanais:

2. Is féidir an gníomh seo a dhéanamh ar dháileach LPIS iomlán nó roinnte. Sa chás go bhfuil an gníomh á dhéanamh ar dháileacht roinnte, ní mór go mbeadh sé digitithe agus marcáilte ar léarscáil a cuireadh ar fáil leis an iarratas GLAS. Ní mór go mbeadh an Cumhdach Éan Fiáin san áit chéanna le haghaidh thréimhse chonradh GLAS.



3. Tá an t-íoslimistéar cothrom le 1 ha sa chás gur gníomh tosaíochta atá i gceist agus 0.25 sa chás gur gníomh ginearálta atá i gceist agus tá an t-uaslimistéar i gcomhair íocaíochta cothrom le 3 ha. Is é 0.25 heicteár an t-íosmhéid dáileachta.

Chomh maith leis sin, b'éigean don Oifigeach Achomhairc reachtaíocht AE a chomhlíonadh nuair a bhí cinneadh maidir leis an achomharc á dhéanamh. Tharraing an tOifigeach Achomhairc aird ar an bpointe go bhforáiltear in Airteagal 35 de Ghníomh Tarmlichte an Choimisiúin (AE) Uimh. 640/2014 don mhéid seo a leanas-

1. Diúltófar nó aistarraingeofar go hiomlán an tacaíocht éilithe sa chás nach bhfuil na critéir incháilitheachta á gcomhlíonadh.

2. Diúltófar nó aistarraingeofar go hiomlán nó go páirteach an tacaíocht éilithe sa chás nach bhfuil na gealltanais nó oibleagáidí seo a leanas á gcomhlíonadh:

(a) gealltanais bunaithe sa chlár forbartha tuaithe; nó

(b) más cuí, oibleagáidí eile a bhaineann leis an oibríocht bunaithe ag an Aontas nó ag dlí náisiúnta nó bunaithe sa chlár forbartha tuaithe, go háirithe soláthar poiblí, cúnamh Stáit agus caighdeáin agus riachtanais éigeantacha eile.

3. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir leis an ráta diúltaithe nó aistarraingt tacaíochta i ndiaidh neamhchomhlíonadh na ngealltanais nó oibleagáidí eile dá dtagraítear dóibh i mír 2, déanfaidh an Ballstát cuntas iomlán de dhéine, fairsinge, tréimhse agus atarlú an neamhchomhlíonta a bhaineann le coinníollacha tacaíochta d dtagraítear dóibh i mír 2....

Chomh maith leis sin, tharraing an tOifigeach Achomhairc aird ar ábhar Airteagal 63 de (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le híocaíochtaí míchuí agus pionóis riaracháin agus ar an bpointe nach mór go mbeadh pionóis riaracháin comhréireacha agus curtha i bhfeidhm de réir dhéine, mhéid, thréimhse agus atarlú na neamhchomhlíonta a aimsíodh.

Chinn an tOifigeach Achomhairc gur ghlac an feirmeoir páirt i gconradh 5 bliana GLAS 2 chun gealltanais/gníomhartha áirithe a chomhlíonadh i rith thréimhse na scéime. Bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil, chinn an tOifigeach Achomhairc go raibh botún dáiríre déanta ag an bhfeirmeoir maidir le méid an limistéir plandaithe le Cumhdach Éan Fiáin, ach ar an drochuair, ní raibh aon fhianaise ar fáil ar lá an iniúchta go raibh 1 ha faoi Chumhdach Éan Fiáin ag an bhfeirmeoir.



Ghlac an tOifigeach Achomhairc leis go raibh gníomh an Chumhdaigh Éan Fiáin ardaithe chuig stádas Leibhéal 2 agus ainneoin nár gealladh cead a thabhairt do gach iarratas Leibhéal 2 páirt a ghlacadh in GLAS 2, go mbeadh an stádas Leibhéal 2 mar bhonn le hionchais iontrála a fheabhsú go suntasach sa chás go mbeadh an iomarca iarratas ar an scéim faighte. Leagadh amach i dTearmaí agus Coinníollacha GLAS 2 na critéir incháilitheachta don scéim agus ní raibh riachtanas maidir le Cumhdach Éan Fiáine nó gníomhartha tosaíochta Leibhéal 2 san áireamh.

I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar na doiciméid thuasluaite a bhí ar fáil, chinn an tOifigeach Achomhairc nach critéar incháilitheachta é an Cumhdach Éan Fiáine, ach gealltanais. Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta, ag féachaint d'Airteagal 35 (2) agus 35 (3) de Rialachán 640/2014, go ndearnadh foráil don neamhchomhlíonadh leis an tacaíocht éilithe a dhiúltú nó a aistarraingt go hiomlán nó go páirteach, agus nuair a bhí cinneadh á dhéanamh maidir leis an ráta diúltaithe nó aistarraingthe tacaíochta i ndáil le neamhchomhlíonadh gur cheart cuntas a dhéanamh de dhéine, méid, tréimhse agus atarlú. Ar an mbonn seo, chinn an tOifigeach Achomhairc go raibh an cinneadh ceart déanta ag an DAFM - diúltú don ghníomh Cumhdaigh Éan Fiáin ó chonradh GLAS de bhrí nár comhlíonadh an t-íoslimistéar 1 ha laistigh den ghníomh agus go raibh sé ceart freisin aisghabháil an airgid a íocadh don ghníomh seo a lorg. I ndiaidh breithniú a dhéanamh, áfach, ar fhorálacha Airteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Airteagal 35 de Ghníomh Tarmligthe an Choimisiúin (AE) Uimh. 640/2014, chinn an tOifigeach Achomhairc gur cheart conradh GLAS 2 a fhágáil i bhfeidhm don chuid eile de thréimhse chonradh GLAS i ndáil leis na gníomhartha eile agus nach cheart aon airgead a aisghabháil le haghaidh na ngníomhartha seo.

Ceadaíodh an t-achomharc seo go páirteach.



Cás 10: Scéim Íocaíochta Bunúsáí (BPS) 2020 – incháilitheacht talún

Bhí an feirmeoir páirt in BPS 2020. Chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) in iúl don Achomharcóir go raibh talamh a bhí san áireamh ina iarratas BPS 2020 sainaitheanta mar thalamh a dódh lasmuigh de na hamfrámaí ceadaithe, agus, dá réir sin, ní raibh an talamh seo incháilithe d'íocaíocht BPS. Lorg an feirmeoir athbhreithniú inmheánach DAFM ar an gcinneadh agus ainneoin gur baineadh pionós maidir le ródhearbhú, seasamh leis an gcinneadh a rinneadh go raibh an talamh neamh-incháilithe.

D'achomharc an feirmeoir an cinneadh, ar fhoras *Force Majeure*, sa mhéid is nach raibh aon smacht ag an bhfeirmeoir ar an tine, de bhrí gur tríú páirtithe a chur tús leis, gur scaip sé chomh fada lena ghabháltas ó lasmuigh de, rud a dheimhnigh An Garda Síochána, Príomhoifigeach Dóiteáin na Comhairle Contae agus Coillte, fiú amháin i ndiaidh gach beart réasúnta a dhéanamh chun scaipeadh na tine a chosc.

Tharraing an tOifigeach Achomhairc aird ar an bpointe, i dtéarmaí agus Coinníollacha BPS 2020, gur leagadh amach nach féidir talamh a dhó idir an 01 Márta agus an 31 Lúnasa i mbliain ar bith, agus nach bhfuil talamh dóite incháilithe chun críche íocaíochta faoi BPS 2020, de réir Airteagal 4 (1)(c), Airteagal 32(2)(a) agus Airteagal 32(4) de Rialachán 1307/2013. Dódh an talamh ábhartha idir an 01 Márta agus an 31 Lúnasa agus, dá réir sin, go hiondúil, ní bheadh an talamh sin incháilithe le haghaidh íocaíochta faoi BPS.

Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara, áfach, faoi fhorálacha Airteagal 2 (2) de Rialachán 1306/2013 ón AE agus Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 640/2014 maidir le *Force Majeure/ Imthosca Eisceachtúla*. Níl coincheap *Force Majeure* teoranta do dhodhéantacht absalóideach ach ní mór é a thuiscint i gcomhthéacs imthosca eisceachtúla, nach féidir leis an duine ábhartha a rialú, nach bhféadfaí iarmhairtí a leithéid a sheachaint, ainneoin gach cúram cuí, seachas mura mbeadh íobairt iomarcach i gceist. De bhrí gur eisceacht a bhaineann leis an riail iad cásanna *Force Majeure* agus *Imthosca Eisceachtúla*, teastaíonn an caighdeán fianaise a theastaíonn ard. Go ginearálta, teastaíonn fianaise dhoiciméadach dhobhréagnaithe. Sa chás seo, bhí fianaise dhoiciméadach shuntasach ar fáil ó An Garda Síochána, Príomhoifigeach Dóiteáin na Comhairle Contae agus Coillte. Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta go bhféadfaí *Force Majeure/ Imthosca Eisceachtúla* a chur i bhfeidhm in imthosca an cháis seo.



Ag féachaint d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 640/2014 dar teideal “Force Majeure agus Imthosca Eisceachtúla”, chinn an tOifigeach Achomhairc, de bhrí nach raibh a chumas an fheirmeora na critéir / an oibleagáid incháilitheachta ábhartha a chomhlíonadh mar thoradh ar *Force Majeure/ Imthosca Eisceachtúla*, gur choimeád an feirmeoir an ceart cúnamh a fháil i ndáil leis na limistéir a bhí incháilithe ag an am nuair a tharla an cás d'imthosca eisceachtúla.

Ar deireadh, cheadaigh an tOifigeach Achomhairc an t-achomharc, agus chinn sé gur cheart don fheirmeoir íocaíocht BPS 2020 a fháil i ndáil leis an talamh ábhartha a dódh.

Ceadáíodh an t-achomharc.



Cás 11: Clár Sonraí agus Géanómaíochta Mairteola (BDGP) – 2021 síneadh

Rinne an feirmeoir iarratas chun páirt a ghlacadh i síneadh 2021 ar BDGP 2015-2020. Mar fhreagairt don iarratas, chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) in iúl don fheirmeoir nach raibh na ceanglais athsholáthair tarbh faoi BDGP 2015-2020 comhlíonta go hiomlán, agus nach bhféadfadh sé páirt a ghlacadh i síneadh 2021. Cheangail an BDGP ar iarrthóirí a raibh tarbh tréada in úsáid acu, tarbh tréada amháin ar a laghad a bheith acu ar an ngabháltas ar an 30 Meitheamh 2019 atá géinitíopaithe mar tharbh 4 nó 5 réalta ar an innéacs Teirminéalach nó Athsholáthair (ar bhonn laistigh de nó thar pór) ag an tráth ceannaithe. Lorg an feirmeoir athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh ó DAFM, ach seasadh leis an gcinneadh. D'achomharc an feirmeoir an cás chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta agus lorg sé éisteacht ó bhéal.

San fhoras achomhairc, shonraigh an feirmeoir go raibh tarbh folaíochta aige ina thréad ar an 30 Meitheamh 2019, a ceannaíodh ar an 24 Meitheamh 2019, a chreid sé a chomhlíon ceanglais an chlár. Ag an éisteacht ó bhéal, thagair an feirmeoir don phointe gur cheannaigh sé tarbh 5 réalta ach nach sé oiriúnach agus gur dhíol sé an tarbh sin arís. Ansin cheannaigh sé tarbh athsholáthair de mheon macánta ar an 24 Meitheamh 2019, a chreid sé a bhí géinitíopáilte de réir Théarmaí agus Choinníollacha BDGP, ach ní raibh sé sin fíor. Ina dhiaidh sin, géinitíopáladh an tarbh mar tharbh 5 réalta i rith 2020.

Chuir an DAFM in iúl go raibh na híocaíochtaí BDGP bunaithe ar chostais tabhaithe agus ioncam tarscaoilte a bhain le gealltanais maidir leis na gníomhaíochtaí incháilithe a bhí mar bhonn leis an gclár. Chomh fada is a bhain leis an gceanglas a bhain leis an tarbh athsholáthair, chun a bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh i mbliain idirthréimhseach 2021, ní mór go mbeadh tarbh tréada ar an ngabháltas ar an 30 Meitheamh 2019, géinitíopáilte mar 4 nó 5 réalta ar an innéacs Teirminéalach nó Athsholáthair (ar bhonn laistigh de nó thar pór) ag an tráth ceannaithe. Coinníoll incháilitheachta ba ea an ceanglas a bhain leis ar tarbh athsholáthair. Ní raibh tarbh tréada incháilithe ag an bhfeirmeoir ar an ngabháltas ar an 30 Meitheamh 2019 a bhí géinitíopáilte mar 4 nó 5 réalta.

Nuair a bhí cinneadh á dhéanamh, thug an tOifigeach Achomharc aird ar phrionsabail an cheartais nádúrtha agus b'éigean dó aon reachtaíocht agus téarmaí, coinníollacha agus treoirínite de chuid an Aire rialaithe nó a bhaineann leis an scéim ábhartha a chomhlíonadh.

San áireamh i measc théarmaí agus choinníollacha ábhartha Chlár Sonraí agus Géanómaíochta Mairteola - Síneadh 2021 tá:



4. Incháilitheacht - D'fhonn a bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh chun páirt a ghlacadh sa Chlár, déanfaidh iarrthóir an méid seo a leanas: Comhlíonfaidh sé an ceanglas a bhaineann la Tarbh Tréada/AI atá luaite leis an gClár in 2019

Chomh maith leis sin, tharraing an tOifigeach Achomhairc aird ar Théarmaí agus Coinníollacha BDGP (2015-2020) - bhí **Tairbh Thréada Athsholáthair ag teastáil**

Maidir le hiarrthóirí a raibh tarbh tréada in úsáid acu, ní mór go mbeadh tarbh tréada amháin ar a laghad acu ar an ngabháltas ar an 30 Meitheamh 2019 atá géinitíopaithe mar tharbh 4 nó 5 réalta ar an innéacs Teirminéalach nó Athsholáthair (ar bhonn laistigh de nó thar pór) ag an tráth ceannaithe. Ba cheart an tarbh a choinneáil ar an ngabháltas agus sa chás go gceannaítear tarbh athsholáthair sa tréimhse roimh an 30 Meitheamh 2020, ní mór tarbh ag a bhfuil na tréithe géiniteacha céanna a chur ina áit i.e., tarbh 4 nó 5 réalta ar an innéacs Teirminéalach nó Athsholáthair (ar bhonn laistigh de nó thar pór) ag an tráth ceannaithe.

Moltar d'iarrthóirí a bhfuil tairbh thréada in úsáid acu tairbh 4 nó 5 réalta a chur san áireamh ag an gcéad dáta athsholáthair eile chun deacrachtaí comhlíonta a sheachaint agus aisghlámadh íocaíochtaí níos faide anonn sa Chlár.

Ghlac an tOifigeach Achomhairc leis gur cheannaigh an feirmeoir tarbh tréada ar an 24 Meitheamh 2019, ach níor géinitíopáladh an tarbh seo go dtí Iúil 2020. Ainneoin gur admhaigh an tOifigeach Achomhairc go mb'fhéidir gur shíl an feirmeoir go raibh na ceanglais á gcomhlíonadh ag an tarbh a cheannaigh sé, ní tarbh géinitíopáilte 4 nó 5 réalta an tarbh ar an 30 Meitheamh 2019. Scrúdaigh an tOifigeach Achomhairc sonraí ICBF sa chomhthéacs seo. Tá téarmaí agus coinníollacha na scéime an-sonrach chomh fada is a bhaineann leis an gceanglas tarbh tréada 4 nó 5 réalta géinitíopáilte a bheith ag an bhfeirmeoir ar an 30 Meitheamh 2019, agus níor comhlíonadh an ceanglas seo sa chomhthéacs seo. Critéir incháilitheacht do BDGP - síneadh 2021 ba ea an ceanglas sin agus níor comhlíonadh é. Ní raibh aon fhoras ag an Oifigeach Achomhairc chun ceanglais áirithe de na Téarmaí agus Coinníollacha a chur i leataobh, go háirithe critéar incháilitheachta, a raibh síniú maidir leis tugtha ag an bhfeirmeoir agus ar chomhaontaigh sé cloí leis.

Dícheadaíodh an t-achomharc.



Cás 12: Scéim Bhunúsach Íocaíochta 2021 (BPS)

Chuir an feirmeoir a iarratas BPS 2021 ar fáil i mí na Samhna 2021, ainneoin gurb é an 17 Bealtaine 2021 an spriodhata. Chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) pionós déanach 100% i bhfeidhm. Lorg an feirmeoir athbhreithniú inmheánach ón DAFM, a d'athbhreithnigh an cás agus a sheas leis an gcinneadh bunaidh. Achomharcadh an cinneadh chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta agus lorgaíodh éisteacht ó bhéal maidir leis an achomharc.

Bhí an t-achomharc bunaithe ar fhorais leighis agus chuir an feirmeoir litir óna Dhochtúir Ginearálta ar fáil chun tacú le sonraí na riochtaí sláinte agus na sláinte a bhí ag dul in olcas. Níor cuireadh iarratas BPS 2021 ar fáil mar gheall ar dhrochshláinte, ní raibh an feirmeoir in ann aighneachtaí beachta a chur faoi bhráid DAFM níos mó agus is ar bhall teaghlaigh a bhí an fhreagracht seo anois. Ag an éisteacht ó bhéal, cuireadh in iúl go raibh ag teip ar chuimhne an fheirmeora, agus cuireadh tuilleadh fianaise leighis ar fáil maidir leis seo.

Chuir an DAFM in iúl de bhrí go bhfuarthas an t-iarratas níos mó ná 25 lá i ndiaidh an spriodhata go raibh cead 100% ag teastáil faoi Rialacháin Rialaithe AE, agus mheas an DAFM nár cheart na forálacha *force majeure* a achtú sa chomhthéacs seo.

Nuair a bhí cinneadh á dhéanamh maidir leis an gcás seo, b'éigean don Oifigeach Achomhairc aird a thabhairt ar phrionsabail an cheartais nádúrtha agus b'éigean dó aon reachtaíocht agus téarmaí, coinníollacha agus treoirínte de chuid an Aire rialaithe nó a bhaineann leis an scéim ábhartha a chomhlíonadh.

Leagadh amach i dTéarmaí agus Coinníollacha BPS 2021 na príomhdhátáí le haghaidh agus ina measc bhí:

17 Bealtaine 2021 (meán oíche) - Spriodhata d'iarratas BPS 2021

9 Meitheamh (meán oíche) 2021 - Spriodhata 'd'Iarratas déanach' BPS



Foráiltear don mhéid seo a leanas i dTearmaí agus Coinníollacha BPS 2021 faoin gceannteideal "Iarratais Dhéanacha":

Faoi Rialacháin an AE, tá tréimhse 25 lá féilire i ndiaidh an spriocdháta, an 17 Bealtaine, chun glacadh le hiarratais dhéanacha agus aon doiciméad tacaíochta. Beidh feidhm, áfach, le hasbhaintí ag ráta 1% sa lá i ndáil le BPS/Glasú i gcomhthéacs iarratas déanach a fhaightear i rith na tréimhse seo (féach ar an tábla thall). Ach amháin i gcásanna force majeure / imthosca eisceachtúla, ní ghlacfar le hiarratais nuair atá an tréimhse 25 lá féilire seo caite.

Bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc an t-achomharc faoi fhorálacha *force majeure*, lena n-áirítear Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

Chun críche CAP a mhaoiniú, a bhainistiú agus a mhonatóiriú, d'fhéadfaí glacadh leis go bhfuil "force majeure" agus "imthosca eisceachtúla" i gceist sna cásanna seo a leanas: (a) (b) mí-inniúlacht ghairmiúil fhadtéarmach an tairbhí; (c) ..

Chinn an tOifigeach Achomhairc go raibh mí-inniúlacht ghairmiúil fhadtéarmach an tairbhí ábhartha don fheirmeoir agus bunaithe ar an bhfianaise leighis agus go raibh na himthosca a cuireadh ar fáil mar bhonn le *force majeure* a chur i bhfeidhm, agus d'éiligh sé seo cinneadh na Roinne a aisiompú agus cead 100% a fhorchur i ndáil le hiarratas déanach BPS 2021 an fheirmeora agus íocaíochtaí gaolmhara eile.

Ceadáíodh an t-achomharc.



Cás 13: Teidlíochtaí na Scéime Íocaíochta Bunúsáí (BPS) a Aistriú chuig an gCúlchiste Náisiúnta

Bhí an feirmeoir faoi réir seiceálacha incháilitheachta talún i rith bhlianta BPS 2020 agus 2021 agus measadh go raibh an limistéar thart ar 12ha níos lú ná mar a éilíodh. Mar gheall ar an líon teidlíochtaí, ní raibh heicteár incháilithe mar bhonn le thart ar 10 dteidlíocht. Measadh go raibh an céatadán talún níos mó neamh-incháilithe de bhrí nach raibh aon ghníomhaíocht talmhaíochta ar bun.

D'eisigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) Fógra chuig an bhfeirmeoir maidir le 10 dteidlíocht neamhúsáidte chuig an gCúlchiste Náisiúnta a bhaint i rith mhí Eanáir 2022, ar an mbonn nár úsáid an feirmeoir 100% dá theidlíochtaí uair a bhain ar a laghad i dtréimhse dhá bhliain i ndiaidh a chéile (Blianta Scéime 2020 & 2021). Lorgaíodh athbhreithniú inmheánach ón DAFM, ach níor éirigh leis. D'achomharc an feirmeoir an cás chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta agus lorg sé éisteacht ó bhéal.

Ba é foras an achomhairc, a bhí leagtha amach an comhairleoir talmhaíochta an fheirmeora, gur bhraith an feirmeoir gur bagairt shuntasach dó ba ea Covid-19 ar gheall ar bhunriochtaí sláinte. Cailleadh daoine i rith na paindéime, bhí eagla orthu dul chomh fada leis an dochtúir nó ospidéal, agus bhí go leor daoine aonraithe agus sheachain siad teagmháil le daoine eile agus meascadh le daoine eile. Chomh maith leis sin, tharraing na meáin aird an fheirmeora ar na hábhair inmí seo, agus ainneoin gur theastaíonn cabhair ócáideach leis na obair feirme ar thailte a raibh na teidlíochtaí luaite leo, shíl sé go raibh an riosca a bhain le cabhair ócáideach a fháil ró-ard.

Ar mhaithe leis an achomharc a fhreagairt, leag an DAFM amach go sonraítear sna Rialacháin AE a bhfuil BPS á rialú acu gach teidlíocht leithdháilte faoin BPS agus go bhfuil siad faoi réir riail úsáide dhá bhliain. Ciallaíonn sé seo nach mór do gach feirmeoir a chinntiú go n-úsáideann sé 100% dá theidlíochtaí éilithe uair amháin as gach dhá bhliain i ndiaidh a chéile, ar a laghad, agus go dtabharfar aon teidlíocht neamhúsáidte le haghaidh dhá bhliain as a chéile ar ais don Chúlchiste Náisiúnta agus go gcaillfidh an feirmeoir iad. Bhí thart ar 46 teidlíocht BPS úsáidte ag an bhfeirmeoir as thart ar 56 teidlíocht BPS agus measadh go raibh thart ar 10 dteidlíocht BPS neamhúsáidte agus bogadh chuig an gCúlchiste Náisiúnta iad. Chuir an DAFM in iúl go raibh cead ag an bhfeirmeoir teidlíochtaí BPS neamhúsáidte a leasú.



Thagair ionadaí an fheirmeora do stair leighis agus inní maidir le Covid-19, mhol baill teaghlaigh don fheirmeoir a bheith cúramach, cailleadh daoine den aois chéanna sa réigiún mar gheall ar thinneas a bhain le Covid-19 agus bhí ráig shuntasach sa cheantar ginearálta. Níl raibh aon eolas ar fáil ag an am maidir leis na fadhbanna fadtéarmacha a bhainfeadh le Covid-19.

Sholáthair an t-ionadaí fianaise go raibh an rogha ag an bhfeirmeoir na teidlíochtaí BPS a léasú ach gur chinn sé gan é sin a dhéanamh de bhrí go raibh easpa soiléire ann maidir le cathain a thiocfadh deireadh le srianta Covid-19, agus bhí an feirmeoir ag súil go mbeadh sé in ann leanúint ar aghaidh lena chúraimí feirmeoireachta. Chuir DAFM ina iúl sa fhreagra a sholáthair sí gur cuireadh na saincheisteanna síceolaíocha a bhí ann ag an am faoi deara ach go raibh an rogha ag an bhfeirmeoir an talamh neamhúsáidte a innilt nó a ghearradh agus go bhféadfaí é sin a dhéanamh gan bualadh le daoine eile agus gan an riosca a bhaineann le Covid a tholgadh.

Tharraing an tOifigeach Achomhairc aird ar Théarmaí agus Coinníollacha BPS 2021:

- *“Chun íocaíocht a íostarraingt a bhaineann le do theidlíochtaí BPS, ní mór go mbeadh “heicteár incháilithe” agat atá luaite le gach teidlíocht. Sa chomhthéacs seo, is ionann “heicteár incháilithe” agus píosa talún atá in úsáid do ghníomhaíocht talmhaíochta...*
- *Tá gach teidlíocht leithdháilte faoi BPS agus faoin gCúlchiste Náisiúnta faoi réir riail úsáide dhá bhliain. Má tá teidlíochtaí neamhúsáidte ag feirmeoir le haghaidh dhá bhliain i ndiaidh a chéile, aistrítear na teidlíochtaí is ísle luacha atá i seilbh an fheirmeora sin chuig an gCúlchiste Náisiúnta don dara bliain neamhúsáidte...*
- *Chun cailteanas na dteidlíochtaí a sheachaint... ba cheart don fheirmeoir a chinntiú go bhfuil dóthain talún aige in 2021 chun gach teidlíocht a úsáid. Nó d'fhéadfadh an feirmeoir na teidlíochtaí a aistriú go buan nó go sealadach, trí thalamh a léasú le feirmeoir ag a bhfuil dóthain heicteár nocht chun tacú leis na...teidlíochtaí mar shampla. Cuirfidh an Roinn fógra chuig an bhfeirmeoir nuair a bheidh na teidlíochtaí imithe in éag.*

Bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc na forálacha *force majeure* de Théarmaí agus Coinníollacha BPS 2021 agus in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013. Chomh maith leis sin, thug an tOifigeach Achomhairc aird ar Airteagal 4 de Ghníomh Tarmhligthe an Choimisiúin (AE) Uimh. 640/2014.



1. *Chomh fada is a bhaineann le híocaíochtaí díreacha, mura raibh tairbhí in ann na critéir incháilitheachta nó oibleagáidí eile a chomhlíonadh mar thoradh ar force majeure nó imthosca eisceachtúla, coimeádfaidh sé a cheart maidir le cúnamh i ndáil leis an limistéar nó ainmhithe incháilithe nuair a tharla an cás de force majeure nó imthosca eisceachtúla...*
2. *Cuirfear eolas maidir le cásanna force majeure agus imthosca eisceachtúla in iúl don údarás inniúil i scríbhinn, i dteannta le fianaise ábhartha a bhfuil an t-údarás inniúil sásta léi, laistigh de chúig lá oibre déag ón dáta ar a bhfuil an tairbhí nó an duine i dteideal, tríd an duine sin, a leithéid a dhéanamh.*

Chomh maith leis sin, bhí aird ag an Oifigeach Achomhairc ar *Fhógra ón gCoimisiún C(88) 1696 maidir le 'force majeure i ndlí talmhaíochta na hEorpa'*. Mínítear i ndoiciméad nach bhfuil *force majeure* “teoranta do dhodhéantacht absalóideach agus nach mór é a thuiscint i gcomhthéacs imthosca eisceachtúla, nach féidir leis an trádálaí a rialú, agus nach bhféadfaí iarmhairtí a leithéid, ainneoin cúram cuí a léiriú, a sheachaint gan íobairt iomarcach.” Sonraítear sa doiciméad seo gur cheart glacadh le *force majeure* agus é a chur i bhfeidhm ar bhonn sriantach agus i gcomhthéacs *comhréireachta* - ceann de phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, agus chomh fada is a bhaineann le fianaise, ní mór go mbeadh fianaise dhoiciméadach dhobhréagnaithe ag teastáil de ghnáth.

Sa chás seo, bhí fianaise ar bhunriochtaí leighis an fheirmeora curtha ar fáil ag a dhochtúir lena n-áirítear gur moladh don dochtúir sluaite móra daoine a sheachaint. Bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc, áfach, go raibh roghanna eile ar fáil don fheirmeoir seachas stop iomlán a chur lena chúraimí feirmeoireachta. Bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc go bhféadfaí glacadh le cinneadh bainistíochta feirme na teidlíochtaí BPS a léasú ar bhonn sealadach in 2021 mar shampla de “gach beart cuí a dhéanamh (ach amháin sa chás go bhfuil íobairt iomarcach i gceist)”. Chomh maith leis sin, bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc go raibh an rogha ag an bhfeirmeoir tairbhe a bhaint as cabhair ócáideach chun cabhrú leis beostoc a iompar ionas go mbeadh an beostoc in ann a bheith ag innilt ar na tailte agus “gníomhaíocht talmhaíochta” a dhéanamh agus go bhféadfaí é sin a dhéanamh agus cloí le comhairle sláinte poiblí agus aird a thabhairt ar scaradh sóisialta i suíomh amuigh faoin aer.

Dícheadaíodh an t-achomharc.



Cás 14: Clár Sonraí agus Géanómaíochta Mairteola (BDGP) 2015- 2020.

Bhí an feirmeoir páirteach in BDGP 2015-2020 agus chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) scéala chuige i rith 2021 maidir le neamhchomhlíonadh le Straitéis Athsholáthair Tairbh Thréada BDGP 2019 agus cuireadh pionós i bhfeidhm ar a íocaíocht in 2019. Chomh maith leis sin, measadh go raibh an feirmeoir neamh-incháilithe do BDGP - síneadh 2021 (tar-rolladh bliana chuig clár 2015-2020), de bhrí nach raibh ceanglais BDGP á gcomhlíonadh do thréimhse iomlán chlár 2015 – 2020. Lorgaíodh athbhreithniú inmheánach ó DAFM, agus cinneadh seasamh leis an gcinneadh.

D'achomharc an feirmeoir an cás chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta agus lorg sé éisteacht ó bhéal. San áireamh san fhoras achomhairc bhí úsáid a bhaint as AI agus monatóireacht a dhéanamh ar bha. I gcás amháin, ní raibh bó inseamhnaithe ar adhall laistigh de 3 sheachtaine ina dhiaidh sin agus bogadh an bhó chuig codanna eile den talamh mar chuid den bhainistíocht tréada. Bhí an bhó ar adhall i rith an chéad timthrialla eile agus bhris tarbh ó thalamh in aice láimhe isteach agus d'fhreastail sé ar an mbó. Shonraigh an feirmeoir, i ndiaidh an tairbh a bhaint, gur deisíodh an fál agus gur lorgaíodh sonraí aitheantais an tairbh ón bhfeirmeoir chun críche na dtaifead a nuashonrú. Seachas sin, bhí an feirmeoir an-sásta lena rannpháirtíocht in BDGP.

Mar fhreagairt, shonraigh an DAFM, maidir le hiarrthóirí a raibh tarbh tréada in úsáid acu, nach mór go mbeadh tarbh tréada amháin ar a laghad acu ar an ngabháltas ar an 30 Meitheamh 2019 atá géinitíopaithe mar tharbh 4 nó 5 réalta ar an innéacs Teirminéalach nó Athsholáthair (ar bhonn laistigh de nó thar pór) ag an tráth ceannaithe. Sa chás go mbíonn Inseamhnú Saorga (AI) in úsáid, ba cheart go dtiocfadh 80% ar a laghad den AI a úsáideadh ó thairbh 4 nó 5 réalta ar an innéacs Teirminéalach nó Athsholáthair (ar bhonn laistigh de nó thar pór). Nuair a bhíonn an tarbh tréada agus AI araon in úsáid, ní mór don fheirmeoir an dá ghné a chomhlíonadh. Shoiléirigh an DAFM an pionós airgeadais atá infheidhme maidir le neamhchomhlíonadh le straitéis an Tairbh Tréada Athsholáthair agus nach raibh an feirmeoir incháilithe do shíneadh BDGP 2021. Chuir an DAFM in iúl gur rugadh 18 lao ar an ngabháltas in 2019 agus gur rugadh 17 lao mar thoradh ar AI, agus gur tharla an rud céanna in 2020 tráth ar rugadh lao aonair de chuid tairbh tréada. Mhínigh an DAFM gur bhain na laonna a rugadh in 2019 agus 2020 le tairbh dhifriúla a bhí faoi úinéireacht feirmeoirí difriúla de bhrí go raibh an talamh comharsanach seo ligthe ar cíós ag beirt feirmeoirí dhifriúla i rith dhá bhliain dhifriúla. Ba é a gcleachtas bainistíochta a chinntiú nach raibh aon bhó a bhí le cur ar an talamh sin inseamhnaithe



cheana féin agus ar adhall arís. Chuir an feirmeoir in iúl go raibh a fhios aige gur tarbh 4 nó 5 réalta ceann de na tairbh. Chuir DAFM in iúl, áfach, nach mór go mbeadh an t-ainmhí i dtréad an iarrthóra, agus nach amhlaidh a bhí.

D'athbhreithnigh an tOifigeach Achomhairc taifid AI agus an tréimhse idir clúdach AI agus breith an lao agus thug sé aird ar an bpointe nach raibh na tairbh thréada, sa dá chás, páirteach i dtréad an fheirmeora riamh. Níor bhain aon choinbhleacht leis an bhfianaise, agus glacadh leis go raibh na riachtanais BDGP á gcomhlíonadh ag na laonna eile sa dá bhliain. Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta go sonraítear go soiléir i dTéarmaí agus Coinníollacha BDGP 2015-2020 nach mór d'úinéirí tréada a bhfuil tairbh thréada in úsáid acu, tarbh géinitíópáilte 4 nó 5 réalta a bheith acu ar an innéacs Teirminéalach nó Athsholáthair ar an ngabháltas ar an 30 Meitheamh 2019. Sa chás seo, áfach, deimhníodh san fhianaise nach raibh sé beartaithe ag an bhfeirmeoir ach AI a úsáid i rith na tréimhse idir 2015 agus 2020. Ní raibh aon tarbh tréada á choinneáil nó ní raibh sé beartaithe aon tarbh tréada a choinneáil, agus rugadh lao amháin a bhain le tarbh tréada in 2019 agus lao eile in 2020 de bhrí go ndeachaigh tarbh isteach ar thalamh feirmeora ó thréada comharsanacha sa dá bhliain, do bha a raibh AI curtha ar fáil dóibh cheana féin agus bainistíodh iad mar bha/bodóga ionlao.

Ceadaíodh an t-achomharc.



Cás 15: Tras-chomhlíonadh – Níotráit a bhfuil tionchar acu ar Scéim Bhunúsach Íocaíochta 2020 agus scéimeanna íocaíochta eile.

Ghlac an feirmeoir páirt sa Scéim Bhunúsach Íocaíochta (BPS) in 2019 agus fuair sé litir ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) i mí na Samhna 2020 chun eolas a roinnt leis maidir le sárú a bhain le *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-chleachtas Talmhaíochta maidir le Cosaint Uiscí) 2017, (Rialachán maidir le Níotráití)*, de bhrí gur sháraigh an méid iomlán Nítrigine ó aoileach beostoc a úsáideadh ar an ngabháltas i rith 2019 an teorainn cheadaithe de 170 kg in aghaidh an heicteáir. Cuireadh smachtbhanna 3% ar íocaíochtaí 2020 faoi bhearta a bhain le Scéimeanna Íocaíochta Dírí agus leis an gClár Forbartha Tuaithe, i bhfeidhm áit ar cuí.

Bhí dhá thréad-uimhir i seilbh an fheirmeora, uimhir amháin dá fheirm féin agus an uimhir eile chun eallaí a bhí le heaspórtáil a choraintíniú ar áitreabh léasaithe. Lorg an feirmeoir athbhreithniú ar an gcinneadh ar an bhforas nach raibh aon ainmhí a bhain leis an dara tréad-uimhir ar a ghabháltas feirme riamh agus gur freagracht de chuid an léasóra an t-aoileach a táirgeadh san áitreabh léasaithe, gur scaipeadh ar thalamh an léasaí é agus ní ar ghabháltas an fheirmeora. Lorgaíodh athbhreithniú inmheánach agus sheas an DAFM leis an gcinneadh bunaidh smachtbhanna 3% a chur i bhfeidhm.

Achomharcadh an cinneadh agus ar fhoras an achomhairc cuireadh foráil san áireamh - litir ó léasaí an áitribh easpórtála ina sonraíodh go raibh an t-aoileach ón tseid léasaithe curtha i bhfeidhm ar a thalamh. Sonraíodh i sonraí breise a chuir an DAFM ar fáil ina freagra ar an achomharc nach raibh aon iarratas BPS luaite leis an dara tréad-uimhir, dá bhrí sin, gur bhain an nítrigin orgánach ar fad a táirgeadh sa dá thréad-uimhir leis an gcéad tréad-uimhir agus feirm an fheirmeora féin. Chuir an DAFM in iúl go bhféadfaí an luach N iomlán don ghabháltas a laghdú faoin teorainn 170 kg in aghaidh an heicteáir trí Thaifead 3 a chur isteach, d'aoileach easpórtáilte, roimh an 31 Nollaig 2019.

Bhí conradh ag an bhfeirmeoir chun eallaí a easpórtáil, a raibh an DAFM ar an eolas faoi, agus ba é sin an chúis a bhí leis an dara tréad-uimhir, de bhrí nach bhféadfaí eallaí coraintínithe a lua le tréad-uimhir na feirme. Chuir an feirmeoir in iúl nach raibh sé ar an eolas faoi gceanglas a bhain le Thaifead 3 a chur ar fáil agus nach raibh sé ar an eolas faoi seo nuair a leithdháileadh an dara tréad-uimhir. Chuir an feirmeoir in iúl nár bhain an t-aoileach a úsáideadh ar a thalamh a áiríodh san éileamh BPS ach le heallaí a bhain le tréad-uimhir na feirme agus, dá bhrí sin, gur comhlíonadh aidhm na rialachán maidir le Níotráití de bhrí go raibh an méid a úsáideadh ar an bhfeirm seo cothrom le níos lú ná 170



kgs. Chuir an feirmeoir in iúl go ndearna sé earráid ionraic agus nár sháraigh sé na Rialacháin maidir le Níotráití d'aon turas.

Nuair a bhí cinneadh maidir leis an achomharc á dhéanamh, d'athbhreithnigh an tOifigeach Achomhairc an fhaisnéis a cuireadh ar fáil d'iarrthóirí BPS 2019 i ndáil leis an Rialachán maidir le Níotráití.

Téarmaí agus Coinníollacha BPS agus Bileog Chabhrach 2019

Leathanach 7 – Eolas Ginearálta

Ba cheart an leabhrán Téarmaí agus Coinníollacha seo a léamh i dteannta le “Lámhleabhar Mínitheach na gCeanglas Tras-chomhlíonta” (Lúnasa 2016)

Leathanach 20

Chun críche na Rialachán maidir le Níotráití, úsáidfear an talamh atá fógartha agat ar d'iarratas don Scéim Bhunúsach Íocaíochta chun comhlíonadh leis an Rialachán maidir le Níotráití a ríomh. Tá ‘Bileoga cabhrach’ le fáil sa Lámhleabhar Mínitheach do Dhea-chleachtas Talmhaíochta i ndáil le Cosaint na Rialachán Uisce chun comhlíonadh leis an rialachán seo a sheiceáil.

Lámhleabhar mínitheach maidir le traschomhlíonadh (eisiithe chuig gach iarrthóir BPS in 2016)

Leathanach 12 Scaipeadh leasachán a bhainistiú.

Ríomhtar teorainn úsáide 170kg N/Ha/bliain ó aoileach beostoc mar seo a leanas: An Nítrigin Iomlán táirgthe ag an mbeostoc ar fad ... roinnte ar limistéar incháilithe (i heicteáir) an ghabháltais.

Leathanach 15/16: Taifid

Mar chuid de Thras-chomhlíonadh, ní mór duit taifid níotráití a choimeád. Ní mór duit taifid a choinneáil le haghaidh gach bliain féilire, agus ní mór iad a chur i gcrích faoin 31 Márta an bhliain dár gcionn.

Seo a leanas na taifid nach mór duit a choinneáil:

- Ní mór foirm an taifid iomláin ar ghluaiseacht leasacháin orgánaigh (Taifead 3) a chur faoi bhráid an Rannáin Níotráití, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ar nó roimh an 31 Nollaig



gach bliain maidir le easpórtálacha uile aoileach beostoica tharlaíonn i rith na bliana, nó ní ghlacfar leis an easpórtáil mar easpórtáil bhailí.

I.R. Uimh. 605 de RIALACHÁIN ÓN GCOMHPHOBAL EORPACH (DEA-CHLEACHTAIS TALMHAÍOCHTA MAIDIR LE COSAINT NÍOTRÁITÍ), 2017

ciallaíonn “gabháltas” aonad táirgthe talmhaíochta agus, i ndáil le háititheoir, ciallaíonn sé gach aonad táirgthe talmhaíochta atá á bhainistiú ag an áititheoir.

23. (1) Coimeádfar taifid le haghaidh gach gabháltas ina léireofar— (g) aoileach beostoic agus leasacháin orgánacha eile bogtha chuig nó ón ngabháltas lena n-áirítear cainníochtaí, cineál, dátaí agus sonraí easpórtálaithe agus iompórtálaithe, ag brath ar an gcás, i bhformáid atá sonraithe ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara,

LÁMHLEABHAR MÍNITHEACH NÍOTRÁITÍ le haghaidh Rialacháin maidir le Dea-chleachtas Talmhaíochta le haghaidh Cosaint Uiscí, 2018 (curtha ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne mar threoir d'fheirmeoirí maidir le IR 605/2017)

Rannóg 5 Taifid a choimeád - Ní mór duit na taifid seo a leanas a choimeád.

Ní mór foirm chomhlánaithe maidir le gluaiseacht leasachán orgánach san fhormáid sonraithe (**Taifead 3**, leathanach 31) a chur faoi bhráid An Rannóg Níotráití, An Roinn Talmhaíocht, Bia agus

Chomh maith leis sin, rinne an tOifigeach Achomhairc athbhreithniú ar an ER1 comhlánaithe chun an dara tréad-uimhir a fháil agus bhí sé sásta nach raibh aon oibleagáid ar an RVO eolas a roinnt leis an bhfeirmeoir maidir lena oibleagáidí Níotráití mar iarrthóir scéime. Chinn an tOifigeach Achomhairc gur sholáthair an DAFM méid suntasach faisnéise d'fheirmeoirí maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le Níotráití agus na hionstraimí reachtúla gaolmhara agus ar an mbonn seo rinneadh DAFM iarrachtaí a chinntiú go raibh feirmeoirí ar an eolas faoin gceanglas a bhain le Taifead 3 a chomhlíonadh i ndáil le heaspórtáil aoiligh.



Nuair a bhí iarratas á dhéanamh ar BPS 2019, dhearbhaigh an feirmeoir go raibh sé airdeallach ar na coinníollacha a bhaineann leis na Scéimeanna a ndearnadh iarratas lena n-aghaidh, mar atá leagtha amach i dTearmaí agus Coinníollacha 2019, inar soiléiríodh gur cheart é a léamh i dteannta leis an Lámhleabhar Tras-chomhlíonta ina bhfuil rannóg shonrach a bhaineann leis na taifid atá le coimeád agus i ndáil le Taifead 3, gur cheart é a chur faoi bhráid na Roinne roimh dheireadh na bliana ábhartha.

Chun críche na Níotráití a ríomh, chinn an tOifigeach Achomhairc nach féidir an t-aoileach a tháirgtear sa tseid léasaithe, arb éard a bhí ann cuid de ghabháltas an fheirmeora a bhí ar fáil trí léas, a shannadh ach don léasaí sa chás go bhfuil Taifead 3 comhlánaithe agus curtha ar fáil. De bhrí nach raibh sé sin déanta, níorbh fhéidir an t-aoileach a táirgeadh mar chuid den dara tréad-uimhir a chur as an áireamh ó ríomh na nítrigine a bhaineann le gabháltas an fheirmeora agus a chuid talún a bhí luaite ina iarratas BPS.

Ghlac an tOifigeach Achomhairc go hiomlán leis an bpointe nach raibh na heallaí coraintínithe a bhain leis an dara tréad-uimhir ar fheirm thalamh an fheirmeora riamh, agus go raibh fianaise ann go raibh aoileach a bhain leis an dara tréad-uimhir scaipthe air agus nach raibh na Rialacháin maidir le Níotráití á sárú d'aon turas aige. De bhrí nár chomhlánaigh agus nár sheol an feirmeoir Taifead 3 chuig an DAFM, áfach, ríomhadh an neamhchomhlíonadh go mícheart.

Chomh maith leis sin, bhreithnigh an tOifigeach Achomhairc cibé acu an raibh nó nach raibh sé oiriúnach an smachtbhanna a laghdú go dtí 1% mar a fhoráiltear ar Leathanach 40 de Théarmaí agus Coinníollacha BPS 2019 (Pionóis Thras-chomhlíonta) *“Má chinntear go bhfuil Tras-chomhlíonadh á shárú ag feirmeoir go faillíoch, beidh pionós 3% i gceist de ghnáth ach is féidir é seo a laghdú go dtí 1% nó a mhéadú go dtí 5% ag brath ar mhéid, déine agus buaine an neamhchomhlíonta. Ríomh an tOifigeach Achomhairc gur sáraíodh an tairseach 170kg 18% agus cinneadh go raibh an tairseach seo rómhór chun an smachtbhanna a laghdú go dtí 1%.*

Dícheadaíodh an t-achomharc.



6. MOLTAÍ ATÁ LE BREITHNIÚ AG AN ROINN

6.1 Ginearálta

Ní mór go mbeadh Téarmaí agus Coinníollacha Scéime soiléir agus gan débhrí agus ba cheart go mbeadh sainmhínte agus ceanglais incháilitheachta soiléir

Maidir le scéimeanna ilbhliantúla, ba cheart don Roinn smaoineamh ar fheasacháin a eisiúint chuig rannpháirtithe maidir le céard is féidir a bhaint amach sa bhliain scéime amach romhainn.

6.2 Scéimeanna Nuachóirithe Talmhaíochta Spriodhíithe

D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht ag baint leis an mbealach a íocann iarrthóirí as sócmhainn atá éilithe. B'fhéidir go mbeadh sé cabhrach dá ndéanfadh an Roinn machnamh ar fheasacht iarrthóirí a fheabhsú maidir leis an bpointe nach mór costas iomlán na sócmhainne a íoc, óna chuntas bainc féin, agus nach mór úinéireacht agus seilbh iomlán na sócmhainne a aistriú chuig an iarrthóir sula ndéantar an t-éileamh ar íocaíocht an chúnamh deontais. Is féidir é seo a dhéanamh trí cheisteanna díreacha a chur nuair atá an íocaíocht á héileamh, cosúil leis an gcuntas bainc/na cuntais bhainc a úsáideadh don íocaíocht a shainaitheint agus na hainmneacha ar an gcuntas/ar na cuntais agus dáta na híocaíochta/na n-íocaíochtaí ón gcuntas bainc/na cuntais bainc a ionchur, mar aon le haird a tharraingt ar na ceanglais atá sonraithe ar an litir maidir le ceadú deontais.

Sa chás go gcuireann an Roinn smachtbhanna i bhfeidhm a bhfuil íocaíocht deontais nialasaigh dá toradh, ba cheart measúnú iomlán a dhéanamh ar an éileamh chun bailíocht an éilimh a chinneadh agus eolas maidir leis na smachtbhannaí féideartha ar fad a roinnt leis an bhfeirmeoir. Bheadh an measúnú sin mar bhonn le heolas iomlán maidir le buntáistí foriomlána aon achomharc a dhéanfar ina dhiaidh sin a sholáthar.

Ba cheart go mbeadh smachtbhannaí deifínídeach nuair a leagtar amach sna Téarmaí agus Coinníollacha iad, ba cheart téarmaíocht cosúil le 'b'fhéidir go mbeadh x i gceist' a sheachaint nuair a bhíonn ráta nó leibhéal an smachtbhanna á shonrú.



Ba cheart don Roinn a shonrú i gcónaí, ag féachaint do na Téarmaí agus Coinníollacha sáraithe agus/nó Sceideal Pionós na scéime, an bunús atá leis an smachtbhanna a cuireadh i bhfeidhm. Mar shampla, sa chás nach bhfuil úinéireacht iomlán ar mhí aistrithe chuig an t-iarrthóir roimh an t-éileamh íocaíochta agus nach mbeidh aon chúnamh deontais á íoc, ba cheart aon smachtbhanna dá leithéid a shonrú sa Sceideal Pionós.

Gaolmhar le forchur na bpionós le haghaidh TAMS, ba cheart don Roinn machnamh a dhéanamh ar aird a tharraingt, i litreacha cinnidh, ar an bpointe go bhfuil an teorainn infheistíochta á laghdú méid comhionann le méid an éilimh.

6.3 Cigireachtaí

Ba cheart go n-áireofaí i dtuairiscí cigireachta maidir le hincháilitheacht talún aon sonraí maidir leis an bhfianaise a aimsítear ar an talamh i ndáil le torthaí “níl aon ghníomhaíocht talmhaíochta ag tarlú”, mar shampla, agus tuairiscí a áireamh a bhaineann leis an bhfásra, rochtain, fianaise ar agus/nó seiceálacha ar rianta ainmhithe etc. agus tagairt a dhéanamh do ghrianghraif agus léarscáileanna geoichlibeáilte más cuí. Ba cheart go ndíreofaí sa tuarascáil ar dhearbphrionsabail na gníomhaíochta talmhaíochta. Chabhródh sé seo le measúnú a dhéanamh i rith achomhairc.

6.4 Litreacha Cinnidh Roinne

Tá sé tábhachtach go sainítear go soiléir i litreacha cinnidh agus athbhreithnithe Roinne ainm sonracha na scéime, an bhliain ábhartha, tagairt don Téarma agus Coinníoll, lena n-áirítear dáta na dTéarmaí agus Coinníollacha sin, agus go leagtar amach an pionós a cuireadh i bhfeidhm agus go gcuirtear san áireamh an ceanglas a bhaineann leis na cúiseanna atá le cinntí a dhéanamh a bheith á roinnt ag cinnteoirí.

Ba cheart go sonrúfaí i dtuairiscí rialaithe i gcónaí an neamhchomhlíonadh beacht a aimsíodh agus níor cheart go mbeadh aon fhéidearthacht mearbhaill nó míthuisceana ann, ba cheart mar shampla, an suíomh agus aon limistéar nó fad ábhartha a léiriú go soiléir. Sa chás go sainithnítear an sárú ar léarscáil, ba cheart an léarscáil a chur ar fáil don fheirmeoir.



Go minic, tagraítear i litreacha cinnidh na Roinne do phróiseas athbhreithnithe inmheánach na Roinne mar achomharc, agus tá sé sin mar bhonn le mearbhall gan ghá i measc feirmeoir agus síleann feirmeoirí áirithe gur cheart go mbeadh achomharc reachtúil déanta acu.

6.5 Scéim na Limistéar a bhfuil Sriantha Nádúrtha Ionu

De bhrí nach dócha go mbeadh feirmeoirí gníomhacha ag iarraidh iad féin a chur as an áireamh ó Scéim na Limistéar a bhfuil Sriantha Nádúrtha Ionu d'aon turas, b'fhéidir go gcabhródh sé dá ndéanfadh an Roinn machnamh ar mheasúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí fógra uathoibríoch a eisiúint chuig feirmeoirí atá páirteach sa scéim a dhearbhaigh talamh faoi mhíbhuntáiste incháilithe roimh seo, agus a chur in iúl dóibh go bhfuil siad eisiata acu féin ó Scéim na Limistéar a bhfuil Sriantha Nádúrtha Ionu agus an méid ba cheart dóibh a dhéanamh más earráid atá ann agus más mian leo páirt a ghlacadh sa Scéim a chur ar a súile dóibh.

6.6 Comhpháirtíochtaí Feirme / Cuideachtaí Teoranta

Ní eintiteas dlítheanach é comhpháirtíocht feirme, seachas sin is comhpháirtíocht de dhaoine aonair atá ann ar eintitis dhlítheánacha iad. B'fhéidir gur cheart don Roinn smaoineamh ar shoiléiriú maidir leis seo a áireamh sna Téarmaí agus Coinníollacha Scéime ábhartha.

Is eintiteas dlítheanach é cuideachta teoranta. Ba cheart go dtuigfeadh feirmeoirí a chinneann cuideachtaí teoranta a bhunú na ceanglais a bhaineann le teidlíochtaí aistrithe agus aon chonradh scéime ilbhliantúla a bhaineann leis an eintiteas dlítheanach / duine dlítheanach nua.

6.7 I rith Thréimhse an Achomhairc agus Scéimeanna Ilbhliantúla

I rith thréimhse achomhairc, ba cheart go mbeadh aird ag an Roinn ar chomhlíonadh a mheas ar an ngnáthshlí go háirithe sa chás go mbíonn gealltanais ilbhliantúla i gceist.

6.8 Trastuairisciú Tras-chomhlíonta ó Údaráis eile

Ba cheart don Roinn smaoineamh ar ábhar áirithe a lorg ó thrastuairiscálacha ó údaráis eile cosúil le cur síos tuairisciúil, fianaise ghrianghrafach gheoichlibeáilte, mar aon le measúnú faoi gach ceann de na fachtóirí seo a leanas - déine, méid, tréimhse agus atarlú. Ba cheart a léiriú freisin cibé acu atá nó nach bhfuiltear ag glacadh leis an sárú is ábhar don tuairiscáil mar



shárú d'aon turas nó faillíoch agus ba cheart na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin a leagan amach freisin.

6.9 Force Majeure / Imthosca Eisceachtúla

Ba cheart don Roinn na forálacha a bhaineann le force majeure agus/nó imthosca eisceachtúla a leagan amach sna coinníollacha atá infheidhme do gach scéim.

6.10 Tréimhsí Tagartha Beostoic Siarghabhálacha

Ba cheart don Roinn an tslí a bhfuiltear ag glacadh le srianta beostoic a leagan amach go soiléir laistigh de na Téarmaí agus Coinníollacha ionas go mbeidh an t-iarrthóir á chur ar an eolas tráth déanta an iarratais. Chomh maith leis sin, sa chás go n-athraítear ceannasaí an ghabháltais nó go n-aistrítear gabháltas ba cheart go leagfaí amach sna Téarmaí agus Coinníollacha an méid atá i gceist don fheirmeoir atá i mbun feirmeoireachta faoi láthair.



7. MOLTAÍ ATÁ LE BREITHNIÚ AG IARRTHÓIRÍ SCÉIME

7.1 Rialacha na Scéime

Ní mór go mbeadh iarrthóirí ar an eolas faoin méid atá sonraithe i dTéarmaí agus Coinníollacha agus Treoirlínte Scéimeanna sula gcuireann siad isteach a gcuid éileamh. Cuireadh go leor athruithe i bhfeidhm ar scéimeanna le haghaidh 2023 agus ba cheart go mbeadh tairbhe bainte ag iarrthóirí as cruinnithe faisnéise. Ba cheart go mbeadh feirmeoirí airdeallach ar an bhfaisnéis atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinn faoin táb dar teideal ‘Plean Straitéiseach CAP Nua’.

Sa chás go bhfuil feirmeoirí éiginnte, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar chomhairleoir gairmiúil nó duine inniúil eile a aimsiú chun cabhrú leo rialacha agus ceanglais na scéime a thuiscint.

7.2 Tras-chomhlíonadh / Coinníollacht

Uaidh 2023 amach cuimsítear i gcoinníollacht ceanglais Dea-riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil (GAEC) agus Ceanglais Bainistíochta Reachtúla (CBRanna) a bhí sonraithe faoi Thras-chomhlíonadh roimhe seo. Ba cheart d'iarrthóirí eolas a chur ar cheanglais GAEC go háirithe chomh fada is a bhaineann le hithir, uisce agus gnéithe tírdhreacha, mar aon le gach SMR agus seiceáil go rialta nach bhfuil ceanglais GAEC nó SMR á sárú.

Ní mór do gach feirmeoir ceanglais dhlíthiúla na Rialachán maidir le Níotráití a chomhlíonadh. Ba cheart go mbeadh feirmeoirí ar an eolas faoi na ceanglais stórála atá luaite le méid a dtréada agus a chinntiú go bhfuil na ceanglais ar fad á gcomhlíonadh. Tá sé seo tábhachtach go háirithe sa chás go bhfuil méid an tréada ag méadú. Ba cheart go mbeadh feirmeoirí Maolaithe Níotráití airdeallach i gcónaí ar na ceanglais shonracha atá le comhlíonadh acu in ionad na teorann nítrigine orgánaí níos airde a sonraíodh dóibh.

Ba cheart go mbeadh feirmeoirí airdeallach ar na hathruithe ar luachanna Nítrigine Orgánaí atá infheidhme i ndáil le beostoc, lena n-áirítear bandáil ba déiríochta agus a chinntiú go bhfuil a gcuid feirmeoireachta á déanamh acu laistigh de na teorainneacha infheidhme faoi réir na rátaí athbhreithnithe seo.



7.3 Gach Scéim

Trádálaí aonair, Comhpháirtíocht Feirme Chláraithe, Cuideachta Theoranta nó eintiteas eile: D'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí suntasacha ag athrú eintitis ar chonarthaí ilbhliantúla agus teidlíochtaí don Scéim Bhunúsach Íocaíochta agus ba cheart gach rud a shoiléiriú leis na rannóga ábhartha den Roinn roimh aon athrú a dhéanamh.

Sa chás go n-úsáideann feirmeoir gníomhaire chun iarratas a lóisteáil, ba cheart don fheirmeoir leagan clóite ón mbunachar sonraí den iarratas a cuireadh isteach a lorg roimh an spriocdháta mar admháil go ndearnadh an t-iarratas.

7.4 Limistéir a bhfuil Sriantha Nádúrtha Ionu

Ba cheart go dtuigfeadh iarrthóir na ceanglais a bhaineann le déine stocála, fiú amháin sa chás go mbíonn sriantha tréada i gceist.

Ba cheart go mbeadh iarrthóirí ar an eolas faoi luachanna aonad beostoic nua atá i bhfeidhm ó thús 2023, tá luach an aonaid beostoic laghdaithe le haghaidh catagóirí áirithe ainmhithe.

Ba cheart go ndíreoidh feirmeoirí caorach agus gabhar ar a nDaonáireamh Caorach/Gabhar agus a chinntiú go bhfuil a gcláir ealta cothrom le dáta.

7.4 Teidlíochtaí don Íocaíocht Bhunúsach / Teidlíocht d'Íocaíocht BISS

Ba cheart go mbeadh bearta cuí bunaithe ag feirmeoirí d'fhonn a chinntiú go bhfuil aon teidlíocht atá léasaithe acu in úsáid go hiomlán de réir cheanglais na scéime. Ba cheart go mbeadh feirmeoirí airdeallach i gcónaí ar na ceanglais a bhaineann le teidlíocht agus má tá siad in amhras faoi aon rud ba cheart dóibh comhairle agus/nó faisnéis a lorg.

7.5 Achomharc a dhéanamh – Litir chinnidh Roinne:

Nuair a bhíonn achomharc á dhéanamh, ní mór d'fheirmeoirí an Fhoirm um Fhógra Achomharc a úsáid atá foilsithe ar www.agriappeals.gov.ie agus ní mór cóip de chinneadh an Rialtais a chur san áireamh atá faoi réir an achomhairc. Ní mór foras an achomhairc a chur ar fáil freisin. Cabhróidh sé seo le dlús a chur faoin achomharc agus cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil an t-achomharc bailí.



Ní mór achomhairc a dhéanamh laistigh de 3 mhí ón dáta a bhfógraítear go bhfuil cinneadh na Roinne á achomharc. Sa chás nach féidir achomharc a dhéanamh laistigh den tréimhse sin mar gheall ar imthosca eisceachtúla is féidir cás a chur faoi bhráid an Stiúrthóra le breithniú.

Níos faide anonn in 2023 beidh tairseach ar líne ar fáil chun achomharc a dhéanamh, a bheidh ar fáil ar www.agriappeals.gov.ie agus beidh sé riachtanach an cinneadh a bhfuil achomharc á dhéanamh ina aghaidh a uaslódáil.



8. SAMPLAÍ DE SHAINCHEISTEANNA COMHLÍONTA ATARLAITHE D'FHEIRMEOIRÍ

Saincheisteanna Ginearálta

- Clibeáil agus/nó clár déanach ainmhithe.
- Gan a chinntiú go ndéantar tuairisceáin chomhlíonta maidir le gluaiseacht ainmhithe.
- Saincheisteanna maidir le sainaitheantainmhithe, lena n-áirítear gan a chinntiú go bhfuil ainmhithe lánchlibeáilte.
- Gan gníomhaíochtaí sainaitheanta ainmhithe agus/nó clárúcháin feabhais a chur i gcrích laistigh den tréimhse a cheanglaíonn an Roinn i ndiaidh cigireacht a dhéanamh.
- Gan a chinntiú go bhfuil sonraí chun agfood.ie a rochtain cothrom le dáta nó a chinntiú go bhfuil rochtain idirlín oiriúnach ar fáil chun clárúcháin / iarratais a chomhlíonadh leis an *Roinn*.

Tréada Diúil

- Gan dóthain ainmhithe atá géinitíopáilte 4 nó 5 réalta ar an innéacs athsholáthair i ngach bliain de chonradh an chláir a choimeád nó a bhaint amach.

Limistéir a bhfuil Sriantha Nádurtha Iontu (ANC)

- Ní dhearnadh iarratas.
- Níor coimeádadh an déine stocála íosta agus/nó níor comhlíonadh an tréimhse stocála íosta de 28 seachtain i ndiaidh a chéile (tá ceanglais stocála ANC le haghaidh 2023 athraithe)

Scéim na Feirmeoireachta Orgánaí (OFS)

- Tá an t-iarrthóir freagrach as a cheadúnas agus stádas orgánach a chothabháil, níl aon ról reachtúil ag an Oifigeach Achomhairc i ndáil le ceadúnas orgánach a bhronnadh nó a aistarraingt.



- Ní mór go dtuigfeadh rannpháirtithe OFS go gciallaíonn aistarraingt an cheadúnais orgánaigh, á déanamh ag an Roinn nó ag an gComhlacht Deimhniúcháin Orgánach NÓ cead a thabhairt dá gceadúnas orgánach dul in éag, laistigh de théarmaí chonradh OFS, foirceannadh ón Scéim agus aisghabháil an chúnaimh ar fad a íocadh.

Scéimeanna Nuachóirithe Talmhaíochta Spriocdhírthe (TAMS)


- Níor cheart d'iarrthóir éileamh íocaíochta a dhéanamh ach i ndiaidh na híocaíochta iarbhír a dhéanamh óna chuntas bainc féin. Ba cheart go dtuigfeadh iarrthóirí, go bhféadfaí súil a chaitheamh ar ráitis bhainc, íocaíochtaí seic/leictreonacha etc. i rith cigireachtaí/bailíochtaí éilimh d'fhonn a chinntiú nach ndearnadh an t-éileamh ar íocaíocht TAMS ach i ndiaidh íoc as an mír agus go bhfuil an mhír sin faoina n-úinéireacht agus ina seilbh. Chomh maith leis sin, ba cheart d'iarrthóirí a thuiscint nach nglactar le seiceanna iardhátaithe, i ndiaidh dháta éileamh íocaíochta, mar íocaíocht incháilithe.



Aguisíní

- Aguisín A Cairt Eagrúcháin na hOifige Achomhairc
Talmhaíochta
- Aguisín B An tAcht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001,
- Aguisín C I.R. Uimh. 193/2002, Na Rialacháin um
Achomhairc Talmhaíochta, 2002
- Aguisín D Tagairt do reachtaíocht ábhartha eile, lena n-
áirítear leasuithe ar Acht um Achomhairc
Talmhaíochta, 2001.

Aguisín A





Aguisín B



Uimhir 29 de 2001

AN TACHT UM ACHOMHAIRC TALMHAÍOCHTA, 2001

RIAR NA NALT

Rannóg

1. Léirmhíniú.
2. Ceapachán oifigeach achomhairc.
3. Stiúrthóir na nAchomharc Talmhaíochta.
4. Leas-Stiúrthóir na nAchomharc Talmhaíochta.
5. Feidhmeanna na n-oifigeach achomhairc.
6. Neamhspleáchas oifigeach achomhairc.
7. Ceart achomhairc.
8. Éisteachtaí ó bhéal.
9. Cinntí.
10. Cinntí Athbhreithnithe an Stiúrthóra agus oifigeach achomhairc.
11. Achomhairc chuig an Ard-Chúirt.
12. Uiríll faoi Acht um Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola, 2000.
13. Uiríll ó dhéileálaithe ainmhithe agus éineola áirithe.
14. Tuarascálacha bliantúla.



15. Rialacháin.

16. Rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

17. Caiteachais an Aire.

18. Leasú an Chéad Sceideal le hAcht Ombudsman, 1980.

19. Gearrtheideal.

[Uimh. 29.] An tAcht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001. [2001.]

SCEIDEAL

Scéimeanna

Na hAchtanna dá dTagraítear.

An tAcht um Ghalair Ainmhithe, 1966 go dtí 2001

An tAcht um Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola, 2000, Uimh. 2

An tAcht Ombudsman, 1980, Uimh. 26



Uimhir 29 de 2001

AN TACHT UM ACHOMHAIRC TALMHAÍOCHTA, 2001

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE hOIFIGIGH ACHOMHAIRC A CHEAPADH CHUN ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH, AR ACHOMHARC, AR BHREITHEANNA DE CHUID OIFIGEACH DON AIRE TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS FORBARTHA TUAITHE I nDÁIL LE SCÉIMEANNA ÁIRITHE AGUS

DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE.

COMHGHAOLMHARA. [An 9 Iúil, 2001]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) San Acht seo—

ciallaíonn “oifigeach achomhairc” oifigeach achomhairc arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 2;

ciallaíonn “Státseirbhís” Státseirbhís an Rialtais agus Státseirbhís an Stáit;

ciallaíonn “Stiúrthóir” an Stiúrthóir na nAchomharc Talmhaíochta;



folaíonn “feidhmeanna” cumhachtaí, dualgais agus oibleagáidí;

ciallaíonn “Aire” an tAire Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire.

(2) San Acht seo—

(a) aon tagairt d’alt nó do Sceideal, is tagairt í d’alt den Acht seo nó do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe,

(b) aon tagairt d’fho-alt nó do mhír, is tagairt í don fho-alt nó don mhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe,

(c) foláíonn tagairt d’achtachán tagairt don achtachán sin arna leasú nó arna leathnú le haon achtachán nó faoi aon achtachán dá éis, lena n-áirítear an tAcht seo, agus

(d) forléireofar tagairt d’ionstraim reachtúil mar thagairt don ionstraim sin arna leasú, arna hoiriúnú nó arna leathnú le haon ionstraim reachtúil dá héis.

Oifigigh achomhairc a cheapadh.

2.—Féadfaidh an tAire cibé oifigigh agus cibé líon oifigeach dá chuid nó dá cuid, nó cibé daoine eile ag a bhfuil poist sa Státseirbhís, tar éis a roghnaithe i gcomórtais arna dtionól ag Coimisinéirí na Státseirbhíse agus na Coimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla, is cuí leis nó léi a cheapadh chun bheith ina n-oifigigh achomhairc chun críocha an Achta seo.

Stiúrthóir na nAchomharc Talmhaíochta

3.—Déanfaidh an tAire duine ag a bhfuil post sa Státseirbhís a cheapadh, tar éis a roghnaithe i gcomórtas arna thionól ag an gCoiste um Cheapacháin Ardleibhéil sa Státseirbhís nó ag Coimisinéirí na Státseirbhíse agus na Coimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla, mar an príomhoifigeach achomhairc, ar a dtabharfar an Stiúrthóir Achomhairc Talmhaíochta agus dá ngairtear an “Stiúrthóir” san Acht seo.



Leas-Stiúrthóir na nAchomharc Talmhaíochta.

4.—Ainmneoidh an tAire duine amháin de na hoifigigh achomhairc chun gníomhú mar ionadaí don Stiúrthóir nuair nach mbeidh sé nó sí ar fáil.

Feidhmeanna oifigeach achomhairc.

5.—(1) Is iad na feidhmeanna a bheidh ag oifigigh achomhairc breithniú a dhéanamh ar achomhairc a bheidh déanta ag daoine dá ndéantar difear in aghaidh breitheanna arna dtabhairt ag oifigigh don Aire i leith iarratas ar theideal faoi na scéimeanna atá leagtha amach sa Sceideal agus cinneadh a dhéanamh ina dtaobh.

(2) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, an Sceideal a leasú le rialacháin chun aon scéim nó aon chuid de scéim a chur leis an Sceideal nó a scriosadh as.

Neamhspleáchas oifigeach achomhairc.

6.—Faoi réir an Achta seo, beidh oifigigh achomhairc neamhspleách i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna.

Ceart achomhairc.

7.—(1) I gcás duine a bheith míshásta le breith arna tabhairt ag oifigeach don Aire i leith theideal an duine sin faoi aon cheann de na scéimeanna atá leagtha amach sa Sceideal, déanfar an bhreith, iar bhfógra achomhairc a thabhairt don Stiúrthóir, laistigh den tréimhse ama fhorordaithe agus san fhoirm fhorordaithe, a tharchur chuig oifigeach achomhairc.

(2) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir leis an nós imeachta a bheidh le leanúint i gcás achomharc faoin Acht seo.



(3) Nuair a bheidh oifigeach achomhairc ag tabhairt breith i dtaobh ceist a tharchuirfear chuige nó chuici faoi fho-alt (1), ní bheidh air nó uirthi cloí leis na forais ar a raibh breith an oifigh bhreithiúnachta bunaithe, ach féadfaidh sé nó sí breith a thabhairt i dtaobh na ceiste amhail is dá mbeadh breith á tabhairt ina taobh den chéad uair.

(4) Tabharfaidh oifigeach achomhairc breith i dtaobh achomhairc a luaithe is indéanta, ag féachaint d'aon treoirínite arna n-eisiúint nó d'aon rialacháin arna ndéanamh ina thaobh sin ag an Aire.

Éisteachtaí ó bhéal.

8.—(1) Déanfaidh oifigeach achomhairc, má iarrann an t-achomharcóir air nó uirthi é, éisteacht ó bhéal a sheoladh chun críche achomhairc arna tharchur chuige nó chuici faoin Acht seo.

(2) Is go príobháideach a sheolfar éisteacht ó bhéal faoin alt seo.

(3) Féadfaidh achomharcóir ionadaíocht a dhéanamh dó féin nó di féin, nó féadfaidh duine eile ionadaíocht a dhéanamh dó nó di, ag éisteacht a achomhairc nó a hachomhairc ó bhéal.

(4) I gcás go mbeidh ionadaíocht á déanamh ag duine eile don achomharcóir ag éisteacht a achomhairc nó a hachomhairc ó bhéal, féadfaidh an t-oifigeach achomhairc a éistfidh an t-achomharc an t-achomharcóir a cheistiú, má mheasann an t-oifigeach achomhairc gur gá déanamh amhlaidh.

(5) Beidh an chumhacht ag oifigeach achomhairc, ar aon ní a tharchuirfear chuige nó chuici faoin Acht seo a éisteacht, fianaise a ghlacadh faoi mhionn nó faoi dhearbhasc agus, chun na críche sin, féadfaidh sé nó sí daoine a bheidh i láthair mar fhinnéithe ag an éisteacht sin a chur faoi mhionn nó faoi dhearbhasc.

Cinntí.

9.—(1) Déanfar breith oifigh achomhairc agus na cúiseanna gur tugadh an bhreith sin a chur in iúl i scríbhinn don achomharcóir.



(2) Aon doiciméad a airbheartóidh gur breith é arna tabhairt ag oifigeach achomhairc faoin Acht seo agus a bheith sínithe aige nó aici, beidh sé ina fhianaise prima facie gur tugadh an bhreith, gan cruthúnas ar shíniú an oifigh sin ná ar a cháil oifigiúil nó a cáil oifigiúil.

(3) Faoi réir ailt 10 agus 11, is breith chríochnaitheach dhochloíte breith oifigh achomhairc ar aon cheist arna tarchur chuige nó chuici faoi alt 7(1).

Breitheanna athbhreithnithe ón Stiúrthóir agus ó oifigh achomhairc.

10.—(1) Féadfaidh oifigeach achomhairc, aon tráth, aon bhreith ó oifigeach achomhairc a athbhreithniú, más dealraitheach dó nó di an bhreith a bheith earráideach ag féachaint d'fhianaise nua nó d'fhórais nua a cuireadh in iúl dó nó di tar éis an dáta a tugadh an bhreith, nó más dealraitheach dó nó di aon athrú cuí a bheith tagtha ar na himthosca ón tráth a tugadh an bhreith.

(2) Féadfaidh an Stiúrthóir, aon tráth, aon bhreith ó oifigeach achomhairc a athbhreithniú, más dealraitheach dó nó di an bhreith a bheith earráideach de bhíthin dearmad éigin a bheith déanta i ndáil leis an dlí nó leis na fórais.

(3) Tiocfaidh breith athbhreithnithe arna tabhairt faoin alt seo in éifeacht ó cibé dáta a chinnfidh an t-oifigeach achomhairc lena mbaineann, nó is cuí leis nó léi, ag féachaint d'imthosca an cháis.

Achomhairc chun na hArd-Chúirte.

11.—Aon duine a bheidh míshásta—

(a) le breith ó oifigeach achomhairc, nó

(b) le breith athbhreithnithe an Stiúrthóra

féadfaidh sé nó sí achomhairc a dhéanamh i gcoinne na breithe sin nó na breithe athbhreithnithe sin, de réir mar a bheidh, chun na hArd-Chúirte ar aon cheist dlí



Uiríll faoin Acht um Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola, 2000. (*aisghairthe ag Sceideal 1 d'Acht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013*)

12.—(1) I gcás uiríll a bheith déanta chuig an Aire faoi alt 15(2) nó 16(2) den Acht um Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola, 2000, déanfaidh an tAire, ar na huiríll sin a fháil, iad a tharchur, a luaithe is féidir, chuig an Stiúrthóir chun a chomhairle nó a comhairle a fháil.

(2) Déanfaidh an Stiúrthóir, laistigh de 28 lá ón dáta a gheobhaidh sé nó sí na huiríll sin, iad a bhreithniú agus comhairle a thabhairt don Aire.

(3) Tabharfaidh an tAire aird ar aon chomhairle arna tabhairt dó nó di faoin alt seo sula ndiúltoídh sé nó sí d'iarratas ar dheimhniú ceadaithe a dheonú, nó sula ndéanfaidh sé nó sí deimhniú ceadaithe a chúlghairm faoin Acht réamhráite.

Uiríll ó dhéileálaithe áirithe ainmhithe agus éanlaithe. (*aisghairthe ag Sceideal 1 d'Acht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013*)

13.—(1) I gcás uiríll a bheith déanta chuig an Aire faoi Airteagal 8(1) den Ordú fá na hAchtanna um Ghalair Ainmhithe, 1966 go 2001 (Déileálaithe agus Áitribh Déileálaithe a Cheadú agus a Chlárú), 2001 (I.R. Uimh. 79 de 2001), déanfaidh an tAire, ar na huiríll sin a fháil, iad a tharchur, a luaithe is féidir, chuig an Stiúrthóir chun a chomhairle nó a comhairle a fháil.

(2) Déanfaidh an Stiúrthóir, laistigh de 28 lá ón dáta a gheobhaidh sé nó sí na huiríll sin, iad a bhreithniú agus comhairle a thabhairt don Aire.

(3) Tabharfaidh an tAire aird ar aon chomhairle arna tabhairt dó nó di faoin alt seo sula ndéanfaidh sé nó sí clárú a chúlghairm nó a fhionraí, nó sula ndiúltoídh sé nó sí duine nó áitreabh a chlárú faoi Airteagal 8 réamhráite.



14.—(1) A luaithe is féidir tar éis dheireadh gach bliana, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí ina dhiaidh sin, tabharfaidh an Stiúrthóir tuarascáil don Aire i dtaobh a ghníomhaíochtaí nó a gníomhaíochtaí agus i dtaobh ghníomhaíochtaí na n-oifigeach achomhairc faoin Acht seo i rith na bliana sin, agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(2) Beidh tuarascáil faoi fho-alt (1) i cibé foirm a ordóidh an tAire agus beidh faisnéis ar áireamh inti i dtaobh cibé nithe (más ann), seachas na nithe dá dtagraítear san fho-alt sin, a ordóidh an tAire.

(3) Déanfaidh an Stiúrthóir, aon uair a iarrfaidh an tAire air nó uirthi é, faisnéis a thabhairt dó nó di i ndáil le cibé nithe a shonróidh an tAire i dtaobh a ghníomhaíochtaí nó a gníomhaíochtaí nó i dtaobh gníomhaíochtaí oifigeach achomhairc faoin Acht seo.

Rialacháin.

15.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun a chumasú lánéifeacht a bheith leis an Acht seo.

(2) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun aon ní a fhorordú dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe.

Rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtas.

16.—Déanfar gach rialachán a dhéanfaidh an tAire faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar d'aon ní a rinneadh roimhe sin faoin gcéanna.

Caiteachais an Aire.

17.—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.



Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Ombudsman, 1980.

18.—Leasaítear Cuid I den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Ombudsman, 1980, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad “An Roinn Talmhaíochta”:

“Oifigigh Achomhairc na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe faoin Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001”.

Gearrtheideal.

19.—Féadfar an tAcht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 a ghairm den Acht seo.



SCEIDEAL 1 (Arna leasú ag I.R. Uimh. 743 de 2022)

Scéimeanna

Scéim Agra-Aeráide na Timpeallachta Tuaithe (ACRES)

Scéim Oiliúna Agra-Aeráide na Timpeallachta Tuaithe

Scéim Foraoisithe agus Scéim Phrémhe

An Scéim um Roghanna Agra-chomhshaoil (AEOS)

Tionscadal Píolótach Agra-chomhshaoil

An Scéim Oiliúna Agra-chomhshaoil (AETS)

Leas Ainmhithe, Scéim Taifeadta agus Póraithe do Thréada Diúil (AWRBS)

Limistéir a bhfuil Sriantha Nádúrtha Iontu (ANC)

Scéim na Limistéar a bhfuil Sriantha Nádúrtha Iontu (Feirmeoireacht Oileáin)

Tacaíocht Bhunúsach Ioncaim i dtaobh na hInbhuanaitheachta (BISS)

Scéim Bhunúsach Íocaíochta (BPS)

Clár Sonraí Mairteola (BDP)

Tionscadal Píolótach Éifeachtúlachta Comhshaoil Mairteola (BEEP)

Tionscadal Píolótach Éifeachtúlachta Comhshaoil Mairteola - Lao (BEEP-S)

Beart um Chúnadh Eisceachtúil Mairteola (BEAM)

Íocaíocht Chríochnaitheora Mairteola (BFP)

Scéim um Ghéanómaíocht Mhairteola (BGS)

Clár um Shonraí agus um Ghéanómaíocht Mhairteola (BDGP)

Scéim Bithfhuinnimh

Clár Bhoirne

Scéim Infheistíochta Lae (CIS)



Tacaíocht Ioncaim Chomhlántaigh d’Fheirmeoirí Óga (CIS-YF)

Tacaíocht Ioncaim Chomhlántaigh Athdháilte i dtaobh na hInbhuanaitheachta (CRISS)

Clár Lao Déiríochta-Mairteola

Scéim um Leas Mairteoil Déiríochta

Clár Éifeachtúlachta Déiríochta

Scéim Dídhaonraithe

Scéim na Limistéar Faoi Mhíbhuntáiste (DAS) gan Athbhreithniú ar Chóras Aitheantais Dáileachta

Talún 2013 a chur san áireamh (Athbhreithniú LPIS 2013)

Éiciscéim

Scéim Feabhsaithe Feirme (FIS)

An Scéim Tacaíochta Fodair (FSS)

An Scéim um Chosaint an Chomhshaoil Foraoise (FEPS)

Ábhar Atáirgthe Acmhainní Géiniteacha Foraoise: Seastán Síl & Scéim Úllord Síl

Scéim na mBóithre Foraoise

Scéim Cúnaimh Deontais do Mharglanna chun a n-oibriú mar Phointí Lárnacha

Taifeadta a éascú (CPRS)

An Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin (GLAS)

Íocaíocht Glasaithe

Scéim Caorach Féaraigh (GSS)

Scéim Deontais Cruatain

Scéim Íocaíochta Eisceachtúil Gairneoireachta (HEPS)

Forlónadh Ioncaim – Scéim Chúitimh TB



Scéim um Theicneolaíocht Foraoise Nuálach – Teannadh Bonn Láir

Scéim Cúnaimh Suiteála (IAS)

Clár um Aistriú Eolais (KT)

Scéim Chaomhnaithe na Coillearnaí Dúchasaí

Scéim na Coillearnaí Dúchasaí

An Scéim Chomharsanachta

An Scéim Maolaithe Níotráití

Gnéithe neamhluachála den Scéim Luachála Feirm do Fhrithghníomhaithe TB agus Bruisealóise

Scéim na Feirmeoireachta Orgánaí

Scéim na Feirmeoireachta Orgánaí 3

Scéim Deontais Infheistíochta um Próiseáil Orgánaice

Damáiste d'Fhoroisí a Chosc agus a Athchóiriú: Scéim Choillearnach a Athbhunú (Windblow)

Scéim um Chúnamh Próitéine

Scéim Choillearnach a Athbhunú

Scéim Athbhunaithe (Críonadh Siar Chalara) 2014-2020

Bunaithe ar thorthaí, Tionscadal Píolótach Agra-chomhshaoil (REAP)

An Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe (REPS) 4 [368]

Scéim um Luathscor ón bhFeirmeoireacht

Scéim um Chúnamh Deontais chun an Earnáil Orgánach a Fhorbairt

Scéim um Chúnamh Deontais chun Caighdeán Leas Ainmhithe a Fheabhsú (Tithíocht do Chránacha)

Scéim um Chúnamh Infheistíochta chun Dramhaíl Feirme a Bhainistiú (FWM)

Scéim um Chúnamh Infheistíochta chun Earnáil Ghairneoireachta Tráchtála a Fhorbairt (seachas cinntí a bhaineann le hiarratais a bhfuil cead acu páirt a ghlacadh sa scéim – an chéad chéim)



Scéim um Chúnamh Infheistíochta chun Caighdeán Sláinteachais Déiríochta a Fheabhsú (DHS)

Scéim um Chúnamh Infheistíochta i bhFiontair Mhalartacha (Saoráidí Tithíochta agus Láimhseála)
(AES)

Scéim um Chúnamh Infheistíochta chun Áiseanna Próiseála Dramhaíola Feirme a Léiriú

Scéim Feabhsaithe Caorach

Scéim Leasa Caorach

An Scéim Íocaíochta Aonair, seachas Airteagal 37(2), 40 agus 42 de Chaibidil 2 de Rialachán (CE)

Uimh. 1782/20031 ón gComhairle agus Athbhreithniú ar Chóras Aitheantais Dáileachta Talún 2013
(Athbhreithniú LPIS 2013)

1 IO L270, 21.10.2003, lch 1

Scéim na Tithíochta do Chránacha (Leas Ainmhithe)

Beart Corpraithe Tuí (SIM)

Clár Éifeachtúlachta Carbóin Laonna

Tacaíocht do Scéim Deontais na Feirmeoireachta Comhoibríoch

Scéimeanna Nuachóirithe Talmhaíochta Spriocdhírthe (TAMS), lena n-áirítear – (RDP 2007-2013)

(a) An Scéim Trealamh Déiríochta

(b) An Scéim Leasa Éineola

(c) An Scéim Trealamh Fálaithe Caorach/Láimhseála Soghluaiste

(d) An Scéim Leasa Tithíochta Cránach

(e) An Scéim Bailithe Báistí, agus

(f) An Scéim Sábháilteachta Feirme

Scéim Nuachóirithe Talmhaíochta Spriocdhírthe II (TAMS II) RDP 2014– 2020)

(a) An Scéim Leasa Ainmhithe, Sábháilteachta agus Stórála Cothaitheach

(b) An Scéim Trealamh Déiríochta



(c) An Scéim Trealaimh um Scaipeadh Sciodair Astaíochtaí Ísle (LESS)

(d) An Scéim Infheistíochta Caipitil Orgánach

(e) An Scéim Infheistíochta Muc agus Éanlaith Chlóis

(f) Scéim Infheistíochta Caipitil na bhFeirmeoirí Óga, agus

(g) Scéim Infheistíochta Caipitil Curaíochta

An Scéim de dheontais AE d'eagraíochtaí táirgeoirí atá ag obair san earnáil torthaí agus glasraí

An Scéim de Chúnamh Infheistíochta don Earnáil Prátaí Sí

Scéim Dreasachta Curaíochta

Scéim Deontais na bhFoirgneamh Feirme Traidisiúnta 2017 agus 2018

Scéim Íocaíochta na Caorach Ardtailte

Beart Tacaíochta Cailteanas Barr de bharr na hAimsire

Scéim Feabhsaithe Coillearnach

Scéim Suiteála na bhFeirmeoirí Óga

Scéim na bhFeirmeoirí Óga.”.



Aguisín C



I.R. Uimh. 193 de 2002

NA RIALACHÁIN UM ACHOMHAIRC TALMHAÍOCHTA, 2002

Déanaimse, Joe Walsh, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 7 agus 15 den Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001, na rialacháin seo a leanas:

Lua agus Tosach Feidhme

1. (1) Féadfar na Rialacháin um Achomhairc Talmhaíochta, 2002 a ghairm de na Rialacháin seo.
- (2) Tagann na Rialacháin seo i ngníomh ar an 13 Bealtaine 2002.

Sainmhínithe

2. Sna Rialacháin seo-

ciallaíonn "Acht" an tAcht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001;

ciallaíonn "achomharc" achomharc faoin Acht;

ciallaíonn "Aonad Achomhairc Cheannáiste agus Phréimhe" Aonad Achomhairc Cheannáiste agus Phréimhe

na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe de bhun Chairt um Chearta Feirmeoirí, 1995;

ciallaíonn "fógra achomhairc" fógra achomhairc chuig an Stiúrthóir faoi alt 7(1) den Acht;



ciallaíonn "Coiste Achomhairc REPS" Coiste Achomhairc na Scéime um Chaomhnú Comhshaoil Tuaithe de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe.

Tagairtí d'oifigigh achomhairc a dháileadh.

3. Beidh an Stiúrthóir freagrach as na tagairtí dóibh faoi alt 7 den Acht a dháileadh i measc na n-oifigeach achomhairc agus as na tagairtí sin a bhreithniú go pras.

Cinntí a d'fhéadfaí a achomharc agus socrúithe idirthréimhseacha.

4. (1) Beidh feidhm ag an gceart achomhairc a shonraítear faoi alt 7 den Acht maidir le haon chinneadh a thabharfaidh oifigeach de chuid an Aire i leith teidlíocht duine faoi aon cheann de na Scéimeanna atá leagtha amach sa Sceideal don Acht a chuirtear in iúl don duine sin ar thosach feidhme na Rialachán seo nó dá éis seachas cinntí achomhairc an Aonaid Achomhairc Cheannáiste agus Phréimhe agus an Choiste Achomhairc REPS a thugtar maidir le cinntí oifigeach de chuid an Aire a rinneadh roimh an tosach feidhme sin.

(2) Leanfaidh daoine a raibh ceart achomhairc fhoirmiúil acu roimh thosach feidhme na Rialachán seo trí shocrú riaracháin leis an Aonad Achomhairc Cheannáiste agus Phréimhe nó trí Choiste Achomhairc REPS, ar feadh tréimhse 3 mhí ón tosach feidhme sin, leis an gceart sin a bheith acu achomharc a dhéanamh chuig an Aonad sin nó chuig an gCoiste sin, de réir mar a bheidh, i gcoinne cinntí a rinne oifigigh de chuid an Aire a bhain leis na Scéimeanna lena mbaineann ar cuireadh in iúl do na daoine sin roimh an tosach feidhme sin.

Achomharc agus faisnéis a chur isteach atá le soláthar ag achomharcóir

5. (1) Beidh aon fhógra achomhairc i scríbhinn.



(2) Faoi réir mhír (3) den Rialachán seo, is é an tráth a fhéadfar achomharc a dhéanamh laistigh de aon tráth suas go dtí deireadh 3 mhí ó dháta an fhógra faoi chinneadh oifigigh de chuid an Aire don achomharcóir.

(3) Féadfar achomharc, i gcás ina measfaidh an Stiúrthóir go bhfuil imthosca eisceachtúla ann, a dhéanamh tar éis na tréimhse dá dtagraítear i mír (2) den Rialachán seo.

(4) Beidh ráiteas i bhfógra achomhairc maidir leis na fíorais agus na hábhair ar a bhfuil sé ar intinn ag an achomharcóir brath orthu.

(5) Cuirfidh achomharcóir, ar fáil don Stiúrthóir, mar aon leis an bhfógra achomhairc, cibé fianaise dhoiciméadach is mian leis an achomharcóir a chur faoi bhráid an Stiúrthóra chun tacú leis an achomharc atá á dhéanamh aige nó aici, agus beidh liosta d'aon doiciméad den sórt sin san fhógra.

(6) Féadfaidh duine ar mian leis achomharc a aistarraingt é sin a dhéanamh trí fhógra i scríbhinn maidir leis sin a sheoladh chuig an Stiúrthóir.

Fógra achomhairc agus faisnéise atá le soláthar.

6.(1) Cuirfidh an Stiúrthóir gach fógra achomhairc in iúl don Aire.

(2) Tabharfaidh an tAire, i ndáil le gach fógra achomhairc, don Stiúrthóir –

ráiteas a léiríonn an méid a ghlactar le nó a díospóidtear na fíricí agus an t-ábhar a chuireann an t-achomharcóir ar fáil, agus



aon fhaisnéis, doiciméad nó mír faoi chumhacht nó á rialú ag an oifigigh chinnidh a bhaineann leis an achomharc.

(3) Féadfaidh an Stiúrthóir an tréimhse inar cheart aon ráiteas, faisnéis, doiciméad nó mír dá dtagraítear i mír (2) den Rialachán seo a shocrú.

Fógra achomhairc.

7. I gcás ina mbeidh fógra tugtha don Stiúrthóir faoi achomharc cuirfidh sé nó sí in iúl d'aon duine eile a mheasfaidh sé nó sí a bheith bainteach leis an achomharc.

Tuilleadh faisnéise atá le cur ar fáil agus leasú pléadálacha.

8. Féadfaidh an t-oifigeach achomhairc dá dtagraítear achomharc tráth ar bith –

a cheangal ar an achomharcóir, ar an oifigeach cinntitheach, nó ar aon duine eile a láithreoidh don oifigeach achomhairc a bheidh i gceist, tuilleadh sonraí maidir leis an achomharc a

chur ar fáil dó nó di, i scríbhinn, aon fhógra achomhairc, ráiteas nó sonraí a leasú ag aon chéim de na himeachtaí, agus an tréimhse a shocrú chun aon ráiteas nó sonraí den sórt sin a thabhairt ar cibé téarmaí is cuí leis nó léi.

Achomhairc achoimre.

9. I gcás ina mbeidh oifigeach achomhairc den tuairim gur féidir aon achomharc dá dtagraítear dó nó di den chineál sin a chinneadh i gceart gan éisteacht ó bhéal, agus nár iarradh éisteacht den sórt sin faoi alt 8 den Acht, féadfaidh sé nó sí an t-achomharc a chinneadh gan an éisteacht sin.



Éisteachtaí.

10. Más rud é, i dtuairim an oifigigh achomhairc ar atreoraíodh achomharc chuige nó chuici ar iarraidh ón achomharcóir faoi alt 8 den Acht, go gceanglófar éisteacht, déanfaidh an t-oifigeach achomhairc, a luaithe is féidir, dáta agus áit a shocrú don éisteacht, agus fógra réasúnach faoin éisteacht a thabhairt don achomharcóir, an t-oifigeach breithiúnachta, agus aon duine eile a dhealraíonn don oifigeach achomhairc a bheith bainteach leis an achomharc.

Teip freastal ar éisteacht.

11. Más rud é, tar éis fógra faoi éisteacht a bheith tugtha faoi Rialachán 10 de na Rialacháin seo, go dteipfidh ar aon cheann de na páirtithe teacht i láthair ag an éisteacht, féadfaidh an t-oifigeach achomhairc a bheidh ag éisteacht leis an achomharc cinneadh a dhéanamh, dá rogha féin, leanúint ar aghaidh leis an éisteacht nó an éisteacht a iarchur go dtí dáta níos déanaí agus áit arna socrú aige nó aici.

D'fhéadfaí cinneadh a dhéanamh maidir le hachomharc ainneoin nach raibh Rialacháin á gcomhlíonadh.

12. Féadfaidh oifigeach achomhairc cinneadh a dhéanamh maidir le haon achomharc dá dtagraítear dó nó di faoin Acht, d'ainneoin teip nó failí aon duine aon cheanglas de chuid na Rialachán seo a chomhlíonadh.

Nós imeachta ag éisteacht.

13. (1) Is é an nós imeachta ag éisteacht faoin Acht ná cibé nós imeachta a roghnaíonn an t-oifigeach achomhairc a bheidh ag éisteacht leis an achomharc.

(2) Féadfaidh oifigeach achomhairc a éisteann achomharc an éisteacht a chur siar nó a chur ar athló de réir mar is cuí leis nó léi.



(3) Féadfaidh oifigeach achomhairc, ag éisteacht achomhairc, aon ráiteas i scríbhinn nó ábhar eile atá fíordheimhnithe go cuí a admháil mar fhianaise prima facie ar aon fhóras in aon chás ina gceapann sé nó sí gur cuí é.

Cinneadh an Oifigigh Achomhairc.

14. (1) Tabharfaidh cinneadh oifigigh achomhairc aird ar phrionsabail an cheartais nádúrtha agus beidh aon reachtaíocht agus téarma, coinníoll agus treoirlíne iomchuí de chuid an Aire lena rialaítear nó a bhaineann leis an Scéim ábhartha á gcomhlíonadh.

(2) Beidh cinneadh oifigigh achomhairc i scríbhinn agus áireofar ann na cúiseanna leis an mbreith a chuirfear in iúl a luaithe is féidir don achomharcóir, don Aire agus d'aon duine eile lena mbaineann.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,

8 Bealtaine 2002

JOE WALSH TD

An tAire Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe



Aguisín D

Leasuithe ar an Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001:

33 de 2004. An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, lena leasaítear Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001

31 de 2014. An tAcht Foraoiseachta, 2014, lena leasaítear Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001,

15 de 2013. Acht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013, lena leasaítear um tAcht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001

15 de 2020. An tAcht Foraoiseachta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020, lena leasaítear an tAcht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001

Ionstraimí Reachtúla arna ndéanamh faoin Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001:

I.R. Uimh. 558 de 2002 Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 (Leasú ar Sceideal), 2002

I.R. Uimh. 507 de 2004 Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 (Leasú ar Sceideal), 2004

I.R. Uimh. 65 de 2006 Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 (Leasú ar Sceideal), 2006



I.R. Uimh. 584 de Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 (Leasú ar Sceideal) (Uimh. 2), 2006

I.R. Uimh. 169 de 2008 Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 (Leasú ar Sceideal), 2008

I.R. Uimh. 106 de 2012 Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 (Leasú ar Sceideal), 2012

I.R. Uimh. 10 de 2014 Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 (Leasú ar Sceideal), 2014

I.R. Uimh. 276 de 2015 Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 (Leasú ar Sceideal), 2015

I.R. Uimh. 638 de 2016 Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 (Leasú ar Sceideal), 2016

I.R. Uimh. 219 de 2017 Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 (Leasú ar Sceideal), 2017

I.R. Uimh. 164 de 2018 Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 (Leasú ar Sceideal), 2018



I.R. Uimh. 68 de 2018 Rialacháin an Choiste Achomhairc Foraoiseachta, 2018

I.R. Uimh. 556 de 2019 Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta (Leasú ar Sceideal), 2019

I.R. Uimh. 415 de 2020 Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta (Leasú ar Sceideal), 2020

I.R. Uimh. 368 de 2021 Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta (Leasú ar Sceideal), 2021

I.R. Uimh. 418 de 2020 Rialacháin an Choiste Achomhairc Foraoiseachta, 2020

I.R. Uimh. 383 de 2022 Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 (Leasú ar Sceideal), 2022

I.R. Uimh. 743 de 2022 Rialacháin an Achta um Achomhairc Talmhaíochta, 2001 (Leasú ar Sceideal), 2022

Tá cóipeanna den reachtaíocht ar fáil ar fáil ar shuíomh gréasáin Irish Statute Book www.irishstatutebook.ie.